Cothófar comhar trasteorann ní hamháin trí na bearta faoi chuspóir 4 ach trí raon feidhme níos leithne na Treorach freisin, rud a cheadóidh comhar den sórt sin i níos mó réimsí comhshaoil. Le sainmhínithe níos beaichte ar a bhfuil i gceist le coireacht chomhshaoil faoi chuspóir 2, laghdófar na dearcthaí éagsúla sna Ballstáit a bhfuil bac curtha orthu go dtí seo nó a bhfuil deireadh curtha acu leis an gcomhar fiú. Ní hamháin go n-áirithítear smachtbhannaí níos athchomhairleacha leis an sainmhíniú ar uasleibhéil smachtbhannaí, ach osclaítear an doras d'uirlisí imscrúdaitheacha trasteorann éifeachtacha dá bhforáiltear in ionstraimí reachtacha nach féidir a chur i bhfeidhm ach amháin ó leibhéal áirithe smachtbhannaí i gcás catagóir ar leith coireachta. Faoi chuspóir 6, éascófar comhar trasteorann go díreach le hoiliúint agus speisialtóireacht níos fearr de réir caighdeáin inchomparáide sna Ballstáit.

Tá sainmhínithe níos beaichte ar choireacht chomhshaoil (cuspóir 2) agus oiliúint agus speisialtóireacht níos fearr faoi chuspóir 6 ag cur leis an gcumas atá ag cleachtóirí forfheidhmithe dlí a bheith ag súil níos fearr go n-éireoidh le cás, agus níos mó cásanna á n-ionchúiseamh dá bharr. Is tosca eile iad comhar trasteorann feabhsaithe (cuspóir 4) agus infhaighteacht cineálacha agus leibhéil smachtbhannaí níos athchomhairleacha (cuspóir 3) a d'fhéadfadh an cinneadh a éascú na hacmhainní is gá a infheistiú chun dul i ngleic le cásanna coireachta comhshaoil.

Ní hamháin go mbainfear éifeachtacht agus athchomhairleacht imscrúduithe coiriúla comhshaoil amach trí smachtbhannaí níos iomchuí trí bhíthin rogha na tosaíochta faoi chuspóir 3. Cuirfidh imscrúduithe níos éifeachtaí trí éifeachtaí comhcheangailte na roghanna tosaíochta faoi chuspóirí 1, 2, 4 agus 6 mar a thuairiscítear thuas le córas ceartais choiriúil a dhíspreagann an choireacht chomhshaoil.

Ar an gcaoi sin, ní hamháin go bhfreastalaíonn na roghanna tosaíochta ar na cuspóirí faoi seach ach neartaíonn siad éifeachtacht fhoriomlán na Treorach thar gach cuspóir sonrach ar leith.

Cé a bhfuil tionchar ag an Treoir air?

Na Ballstáit agus údaráis phoiblí

Táthar ag súil go neartóidh forálacha maidir le cur chun feidhme ECD éifeachtacht an tslabhra forfheidhmiúcháin agus go n-áiritheofar inchomparáideacht na n-iarrachtaí chun coireacht chomhshaoil a chomhrac ar fud an AE. D’fhéadfaidís roinnt costas a chruthú d'údaráis chomhshaoil, údaráis forfheidhmithe dlí agus údaráis bhreithiúnacha sna Ballstáit, idir

chostais aonuaire agus chostais leanúnacha. Mar sin féin, is mó go mór na sochair mheántéarmacha agus fhadtéarmacha ná na sochair sin. Beidh ar na húdaráis náisiúnta acmhainní daonna agus ábhartha breise a sholáthar (go háirithe sna póilíní agus in oifigí ionchúisimh, mar na hinstitiúidí is minice a bhíonn freagrach as coireacht chomhshaoil a imscrúdú agus a ionchúiseamh). Ar an gcuma chéanna, d'fhéadfadh oibleagáid a bheith ar na Ballstáit sonraí staidrimh a bhailiú agus a thuairisciú de réir caighdeán nua agus caighdeán níos comhchuibhithe, ualach riaracháin breise a chruthú: Maidir leis na córais atá i bhfeidhm a oiriúnú chun cásanna a thaifeadadh, agus maidir leis an staidreamh sin a ullmhú ar an leibhéal náisiúnta sula dtarchuirfear chuig an AE iad. Bheadh ar na Ballstáit go léir oiliúint bhreise éigin a chur ar fáil do ghairmithe ábhartha feadh an tslabhra forfheidhmiúcháin, agus téarmaí athbhreithnithe na Treorach mar aon le pearsanra breise á gcur san áireamh. Braitheann na hacmhainní is gá ar a mhéid a chuireann na Ballstáit oiliúint rialta ar choireacht chomhshaoil ar fáil cheana féin. Ar deireadh, tá roinnt costas breise a bhaineann le lárphointí náisiúnta a bhunú in institiúidí éagsúla agus straitéisí náisiúnta a fhorbairt chun an choireacht chomhshaoil a chomhrac.

Gnólachtaí an Aontais Eorpaigh

Níl aon chostais dhíreacha ar ghnólachtaí an AE a bhaineann leis an Treoir; Eascraíonn a gcostais chomhlíonta as an dlí riaracháin comhshaoil. Dhéanfadh forfheidhmiú dlí níos éifeachtaí i réimse na coireachta comhshaoil cosaint a thabhairt do ghnólachtaí a oibríonn go dleathach ar iomaíocht éagórach a eascraíonn as gníomhaíocht neamhdhleathach ghnó. Ina theannta sin, laghdófaí an damáiste do chlú do thionscal (e.g. bainistiú dramhaíola, táirgeadh ceimiceán) a mbíonn tionchar ag gníomhaíocht neamhdhleathach air, rud a chuirfeadh buntáistí breise ar fáil do ghnólachtaí comhlíontacha. Ós rud é go mbeidh baint fós ag coireacht chomhshaoil le sárú ar dhlíthe riaracháin, tá riosca teoranta ann go bhféadfaí pionós a ghearradh ar ghnólachtaí as gníomhaíocht chomhshaoil a cheadaítear faoin dlí riaracháin, cé is moite de chásanna sonracha dea-shainithe a luaitear sa Treoir.

FBManna

D'fhéadfadh sé go mbeadh brú beagán níos airde ar FBManna toisc nach bhfuil sé d’acmhainn acu fíneálacha a íoc agus/nó saineolas dlíthiúil a ghlacadh agus gníomhaíochtaí díchill chuí a dhéanamh. Leis an rogha fíneálacha a nascadh le staid airgeadais cuideachta, chomh maith le gnéithe imthoisceacha eile den choir, d'fhéadfaí leochaileacht FBManna i leith fíneálacha den sórt sin a laghdú.

Saoránaigh an Aontais Eorpaigh

Táthar ag súil go mbeidh tionchar dearfach ar an tsochaí i gcoitinne ag forfheidhmiú níos éifeachtaí na reachtaíochta coiriúla comhshaoil. Chomh maith leis na tairbhí cáilíochta beatha a bhaineann le cosaint an chomhshaoil, tacaíonn laghdú sa ghníomhaíocht choiriúil le rialachas níos fearr, le héilliú a laghdú agus leis na rioscaí a bhaineann le grúpaí móra eagraithe coiriúla a laghdú.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Níor sainaithníodh sa mheasúnú tionchair seo aon fhéidearthacht an Treoir a shimpliú ná costais neamhriachtanacha a laghdú.

Ní chuireann an Treoir – ós ionstraim dlí choiriúil í – aon chostais bhreise ar fáil do shaoránaigh, do ghnólachtaí agus d’fhiontair bheaga agus mheánmhéide. Deimhníodh an méid sin le linn na gcomhairliúchán leis na páirtithe leasmhara.

Beidh roinnt forálacha breise sa togra a bhfuil sé d'aidhm acu beachtas a chur leis an Treoir an-chineálach atá ann faoi láthair, a raon feidhme a shoiléiriú, sainmhínithe níos cruinne a

thabhairt ar choireanna, agus éifeachtacht, comhréireacht agus athchomhairleacht pionós a áirithiú. Déanfaidh sé sin cur chun feidhme praiticiúil ag údaráis na mBallstát a shimpliú agus a éascú agus ar an gcaoi sin áiritheofar go mbainfear amach cuspóirí na Treorach ar bhealach níos fearr.

Tá forálacha nua sa togra freisin lena gceanglaítear ar na Ballstáit bearta sonracha a dhéanamh lena n-áiritheofar go gcuirfear an Treoir chun feidhme go héifeachtach i gcleachtas (bearta oiliúna, bearta múscailte feasachta, bearta chun comhar trasteorann a neartú, bearta chun na hacmhainní riachtanacha a sholáthar, etc.). Cé go ndealraíonn sé gur oibleagáidí nua iad sin a chuireann costais ar na Ballstáit, ní leagtar síos go sainráite sna forálacha atá i gceist ach oibleagáid ar Bhallstát i gcás ar bith. Ní hamháin go gceanglaítear ar na Ballstáit an Treoir a thrasuí sa dlí náisiúnta, ní mór dóibh freisin na bearta praiticiúla cur chun feidhme is gá a dhéanamh. Léiríodh sa mheastóireacht go bhfuil an cur chun feidhme praiticiúil easnamhach sna Ballstáit uile agus feadh shlabhra an fhorfheidhmithe ina iomláine. Dá bhrí sin, tá oibleagáidí na Treorach riachtanach chun comhlíonadh na mBallstát a áirithiú. Na bearta cur chun feidhme a cheanglaítear leis an togra, is bearta iad atá aitheanta ag cleachtóirí mar bhearta is ábhartha chun a chur ar a gcumas na forálacha náisiúnta lena dtrasuítear an Treoir a fhorfheidhmiú. Tagraíodh go háirithe d'oiliúint mar riachtanas chun forfheidhmiú an dlí a fheabhsú maidir le coireacht chomhshaoil.

- **Cearta bunúsacha**

Is dócha go mbeidh tionchar dearfach ag an Treoir ar an leibhéal cosanta comhshaoil, faoi réir Airteagal 37 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. Trí fheabhas a chur ar an gcomhshaol, cabhrófar le feabhas a chur ar fholláine fhisiceach (sláinte) na saoránach – tá an méid sin clúdaithe le dínit an duine. Dá bhrí sin, beidh tionchar dearfach aige freisin ar an gceart chun beatha (Airteagal 2 den Chairt), ar an gceart chun iomláine coirp (Airteagal 3), ar chúram agus ar fholláine leanaí (Airteagal 24), ar an gceart chun dálaí oibre sláintiúla (Airteagal 31) agus ar an gceart chun cúram coisctheach agus cúram sláinte eile (Airteagal 35).

Ní mór an Treoir seo – ós ionstraim dlí choiriúil í – a thrasuí sa dlí náisiúnta lena n-urramaítear na cearta bunúsacha agus na prionsabail i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (‘an Chairt’) mar a aithnítear in CAE iad. Go sonrach, ba cheart í a thrasuí agus a chur i bhfeidhm agus urraim chuí á tabhairt don cheart chun sonraí pearsanta a chosaint (Airteagal 8 den Chairt), don tsaoirse chun gnó a sheoladh (Airteagal 16), toimhde na neamhchiontachta agus an ceart chun cosanta (Airteagal 48), prionsabail na dlíthiúlachta agus na comhréireachta i dtaca le cionta coiriúla agus pionóis (Airteagal 49), agus an ceart chun nach ndéanfar duine a thriail ná a phionósú faoi dhó in imeachtaí coiriúla i ngeall ar an gcion céanna (Airteagal 50). Agus an Treoir seo á cur chun feidhme, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go ndéantar cearta nós imeachta daoine atá faoi amhras nó atá cúisithe in imeachtaí coiriúla a urramú. Tá na hoibleagáidí faoin Treoir seo gan dochar d'oibleagáidí na mBallstát faoi dhlí an Aontais maidir le cearta nós imeachta in imeachtaí coiriúla.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Tá impleachtaí buiséadacha diomaibhseach ag an togra seo do na Ballstáit agus don Choimisiún. Tá faisnéis shonrach faoi na himpleachtaí airgeadais don Choimisiún le fáil sa ráiteas airgeadais reachtach a ghabhann leis an bpacáiste reachtach seo.

Tá dhá chineál costais ag an gCoimisiún: Aonuaire, agus athfhillteach. Baineann na chéad impleachtaí airgeadais don Choimisiún leis an gcúigiú cuspóir den athbhreithniú: Feabhas a chur ar bhailiú sonraí staidrimh agus ar thuairisciú ar choireacht chomhshaoil. Is é EUR 155 000 in 2025 na costais a bheidh ar an gCoimisiún chun an cuspóir sin a bhaint amach.

Roinntear an costas foriomlán sin i dtrí chineál caiteachais. Ar an gcéad dul síos, cosnóidh an sainmhíniú ar íoschaighdeáin EUR 110 000 agus is costas aonuaire é nach dtarlóidh go dtí 2025. Baineann an dara costas le caighdeáin a choinneáil agus is costas athfhillteach bliantúil de EUR 16 000 é. Is é an costas deireanach a bhaineann leis an gcuspóir seo an tuarascáil dhébhliantúil ar shonraí na mBallstát ón gCoimisiún, ar costas athfhillteach bliantúil de EUR 25 000 é freisin.

Chomh maith leis na costais sin don chúigiú cuspóir den athbhreithniú, beidh ar an gCoimisiún foráil a dhéanamh freisin maidir le costas aonuaire eile dá oibleagáidí tuairiscithe. Luaitear sa togra reachtach go mbeidh ar an gCoimisiún dhá thuarascáil a chur ar fáil. Baineann an chéad cheann leis an Treoir a thrasuí ag na Ballstáit agus beidh costas EUR 405 000 orthu roinnte idir an costas a bhaineann le conraitheoir a fhostú chun an staidéar a dhéanamh, i.e. EUR 350 000, agus an t-athbhreithniú a dhéanfaidh foireann an Choimisiúin air, i.e. EUR 54 600. Is é atá sa dara tuarascáil nach mór don Choimisiún a chur ar fáil ná staidéar ina ndéanfar anailís ar éifeachtacht na Treorach le sraith áirithe táscairí. Cosnóidh an staidéar sin, a tharlóidh tar éis dheireadh an chreata airgeadais ilbhliantúil reatha, EUR 420 000.

Dá bhrí sin, bheadh costas EUR 560 000 ar an gCoimisiún in 2025 agus bheadh na costais athfhillteacha bhliantúla a bhaineann leis an Treoir cothrom le EUR 45 000. Ní áirítear sa mheastóireacht sin costais na tuarascála maidir le héifeachtacht na Treorach, a tharlódh tar éis an CAI reatha.

Tá impleachtaí airgeadais na Treorach do na Ballstáit nasctha le trí chuspóir a athbhreithnithe: Feabhas a chur ar chomhar agus ar chomhordú éifeachtach idir na Ballstáit (cuspóir 4), feabhas a chur ar bhailiú agus ar thuairisciú sonraí staidrimh maidir leis an gcoireacht chomhshaoil (cuspóir 5), agus feabhas a chur ar fheidhmiú éifeachtach an tslabhra forfheidhmithe (cuspóir 6).

Maidir le cuspóir 4, beidh dhá shraith costas ann do na Ballstáit uile: Le haghaidh uirlisí imscrúdaitheacha, agus chun pointí teagmhála náisiúnta a bhunú. Maidir le huirlisí imscrúdaitheacha, ní raibh na sonraí ar fáil chun measúnú tosaigh a dhéanamh ar an gcostas. Mar sin féin, chun pointí teagmhála náisiúnta a bhunú, beidh costas éagsúil idir EUR 475 600 agus EUR 792 700 ar na Ballstáit uile, ag brath ar an rogha a roghnóidh na Ballstáit.

Maidir le cuspóir 5, is féidir cineálacha éagsúla costas a shainaithint do na Ballstáit. Is costais aonuaire iad dhá cheann acu: Maidir le nós imeachta náisiúnta comhordúcháin a bhunú, a mbeadh costas EUR 146 200 ag gabháil leis do na Ballstáit uile, agus chun íoschaighdeáin a shainiú, bheadh costas EUR 280 000 air sin. Níl dhá chostas a bhaineann le cuspóir 5 aonuaire ach athfhillteach. Ar an gcéad dul síos, beidh ar na Ballstáit na caighdeáin a choinneáil, agus i gcás gach Ballstáit ba cheart go mbeadh costas EUR 35 000 air sin. Beidh costas EUR 220 000 ar chomhordú, ar bhailiú agus ar thuairisciú do gach Ballstát. Ciallaíonn sé sin gurb ionann méid foriomlán na gcostas ar na Ballstáit le haghaidh chuspóir 5 agus thart ar EUR 683 000.

Maidir le cuspóir 6, bheadh roinnt cineálacha costas ag na Ballstáit arís: I gcomhair oiliúna, feasacht an phobail a ardú, straitéisí náisiúnta a shainiú agus a chur chun feidhme agus baill foirne a mhéadú. Ós rud é go bhfuil an oiliúint ar cheann de phríomhbhearta tacaíochta na Treorach, meastar go mbeidh costas EUR 7 800 000 ar oiliúint do na Ballstáit uile. Ba cheart an costas a bhaineann le straitéisí náisiúnta a roinnt ina gcostais aonuaire agus ina gcostais athfhillteacha. Beidh EUR 864 000 de chostas ar straitéisí náisiúnta a shainiú agus a chur chun feidhme den chéad uair do na Ballstáit uile. Nuair a bheidh an chéad chuid sin tugtha chun críche, beidh costais athfhillteacha ag na Ballstáit, agus meastar gurb ionann iad agus EUR 325 000 do na Ballstáit uile. Ar deireadh, meastar gurb ionann an méadú ar líon na

mball foirne a bhaineann leis an Treoir seo agus EUR 4 milliún do na Ballstáit uile. Dá bhrí sin, tá na costais uile a bhaineann le cuspóir 6 cothrom le thart ar EUR 13 milliún do na Ballstáit uile.

Ba cheart na costais sin a mheasúnú i gcomparáid leis an méid caillteanais atá i gcoireanna comhshaoil. De réir mheastacháin UNEP agus Interpol, a foilsíodh i mí an Mheithimh 2016, tá an caillteanas bliantúil de bharr na coireachta comhshaoil idir USD 91 billiún agus USD 258 billiún.

5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Féachann an togra le heasnaimh na Treorach reatha a cheartú agus, dá bhrí sin, leagtar amach ann bearta éagsúla maidir le cur chun feidhme, faireachán, meastóireacht agus tuairisciú.

Ar an gcéad dul síos, tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach, is gá íoschaighdeáin a bhunú le gníomh cur chun feidhme maidir le sonraí staidrimh ar choireanna comhshaoil a thuairisciú agus a bhailiú. Tráth nach déanaí ná bliain amháin tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach, beidh ar na Ballstáit straitéis náisiúnta a fhorbairt chun an choireacht chomhshaoil a chomhrac agus plean gníomhaíochta a bhunú chun an Treoir a thrasuí. Cuirfidh sé sin ar chumas an Choimisiúin measúnú a dhéanamh ar thrasuí leasaithe na Treorach ag na Ballstáit agus ar a dtiomantas an choireacht chomhshaoil a chomhrac ar bhealach níos éifeachtúla.

Ní thiocfaidh deireadh leis an bplean cur chun feidhme ná leis na socruithe meastóireachta agus tuairiscithe tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach. Beidh 18 mhí ag na Ballstáit tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach chun í a thrasuí sa reachtaíocht náisiúnta. Dhá bhliain tar éis dheireadh na tréimhse trasuímh seo, beidh ar an gCoimisiún tuarascáil a chur i dtoll a chéile maidir leis an gcaoi a ndearna na Ballstáit an Treoir a thrasuí. Cúig bliana tar éis dheireadh na tréimhse trasuímh, ní mór don Choimisiún staidéar a dhéanamh ar éifeachtacht na Treorach chun a breisluach a mheas. Sa bhreis ar na nósanna imeachta faireacháin sin, ní mór do na Ballstáit tuarascáil a chur ar fáil gach dhá bhliain ina mbeidh faisnéis a bhaineann leis an Treoir, amhail a straitéis náisiúnta nó a mbearta comhordaithe agus comhair. Ar bhonn na sonraí a tharchuirfidh na Ballstáit, cuirfidh an Coimisiún tuarascálacha staidrimh ar fáil freisin maidir leis an gcoireacht chomhshaoil.

- **Míniú mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Airteagal 1: Ábhar

Leagtar amach leis an bhforáil seo cuspóir na Treorach, agus go háirithe an aidhm atá léi tacú le cosaint an chomhshaoil trí chionta coiriúla agus smachtbhannaí a leagan síos.

Airteagal 2: Sainmhínithe

Tá sainmhínithe san fhoráil seo ar théarmaí a úsáidtear sa Treoir, lena n-áirítear sainmhíniú scagtha ar ‘neamhdhleathach’ chun críocha cionta coiriúla comhshaoil a shainmhíniú.

Airteagal 3: Cionta

Déantar cur síos san fhoráil seo ar na cionta coiriúla a chumhdaítear leis an Treoir seo. Tá cuid de na cionta ón Treoir atá ann faoi láthair, tá roinnt acu leasaithe agus soiléirithe leaganacha de na cionta atá ann cheana, agus is cionta nua cuid acu. Thairis sin, soiléirítear téarmaí a úsáidtear sa sainmhíniú ar chionta sa mhéid is go sonraítear iontu na heilimintí is gá a chur san áireamh nuair atá cionta coiriúla á n-imscrúdú, á n-ionchúiseamh agus á

mbreithniú: Go háirithe, ‘damáiste substaintiúil’, ‘cosúil’ damáiste a dhéanamh agus ‘cainníocht dhiomaibhseach’.

Airteagal 4: Gríosú, cabhrú agus neartú, agus iarracht a dhéanamh

In Airteagal 4 déantar coir as cionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagal 3(1) a ghríosú agus a ghríosú agus a neartú. Chomh maith leis sin, déantar coir maidir le hiarrachtaí cionta coiriúla áirithe, a liostaítear in Airteagal 4, a dhéanamh.

Airteagal 5: Pionóis do dhaoine nádúrtha

Déantar foráil san Airteagal seo maidir le caighdeáin íosta chun a áirithiú go bhféadfar pionóis choiriúla atá éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach a ghearradh i leith na gcionta dá dtagraítear in Airteagal 3 agus in Airteagal 4. Ina theannta sin, ceanglaítear leis an togra go dtabharfaidh na Ballstáit isteach leibhéil shonracha smachtbhannaí agus cineálacha sonracha smachtbhannaí le haghaidh cionta coiriúla comhshaoil. Léiríonn an catagóiriú atá beartaithe tromchúis na gcionta. Mar shampla, luaitear i mír 2 gur cheart go mbeadh na cionta dá dtagraítear in Airteagal 3 inphionóis le huastéarma príosúnachta deich mbliana ar a laghad má tá siad ina gcúis le bás aon duine nó más dóigh dóibh a bheith ina gcúis le bás nó díobháil thromchúiseach do dhuine ar bith.

Is é is aidhm do mhír 5 bearta a dhéanamh chun a áirithiú go bhféadfaidh na cionta dá dtagraítear in Airteagal 3 agus in Airteagal 4 a bheith faoi réir smachtbhannaí agus beart breise ionas go bhféadfar freagairt shaincheaptha a thabhairt ar chineálacha éagsúla iompraíochta coiriúla.

Airteagal 6: Dliteanas daoine dlítheanacha

Tá oibleagáidí san airteagal seo chun dliteanas daoine dlítheanacha as cionta dá dtagraítear in Airteagal 3 agus in Airteagal 4 a áirithiú i gcás ina ndearnadh na cionta sin chun tairbhe dóibh. Foráiltear leis an Airteagal seo freisin nach mór do na Ballstáit a áirithiú go bhféadfar daoine dlítheanacha a thabhairt chun cuntais as easpa maoirseachta agus rialaithe a d'fháig go bhféadfaí cion dá dtagraítear in Airteagal 3 agus in Airteagal 4 a dhéanamh ar mhaithe leis an duine dlítheanach. Thairis sin, níor cheart go n-eisiafadh dliteanas an duine dhlítheanaigh imeachtaí coiriúla i gcoinne daoine nádúrtha.

Airteagal 7: Smachtbhannaí do dhaoine dlítheanacha

Leagtar amach san Airteagal seo na smachtbhannaí is infheidhme maidir le daoine dlítheanacha a bhfuil baint acu leis na cionta coiriúla a chumhdaítear leis an togra seo.

Airteagal 8: Imthosca géaraitheacha

Leagtar amach san Airteagal seo na himthosca géaraitheacha atá le cur san áireamh nuair a chuirtear smachtbhannaí i bhfeidhm ar chion dá dtagraítear in Airteagal 3 agus in Airteagal 4.

Airteagal 9: Imthosca maolaitheacha

Leagtar amach san airteagal seo imthosca maolaitheacha atá le breithniú nuair a chuirtear smachtbhannaí i bhfeidhm ar chion dá dtagraítear in Airteagal 3 agus in Airteagal 4.

Airteagal 10: Calcadh agus coigistiú

Áirithítear leis an bhforáil sin go dtabharfaidh na Ballstáit an deis do na húdaráis inniúla na fáltais ó chionta a chumhdaítear leis an togra seo a chalcadh agus a choigistiú.

Airteagal 11: Tréimhsí teorann le haghaidh cionta coiriúla

Leagtar síos san Airteagal seo forálacha maidir le tréimhsí teorann chun go mbeidh na húdaráis inniúla in ann na cionta coiriúla a chumhdaítear leis an togra seo a imscrúdú, a ionchúiseamh agus a bhreithniú le linn tréimhse áirithe ama.

Airteagal 12: Dlínse

Leagtar síos san Airteagal seo forálacha maidir le dlínse chun a áirithiú go mbunóidh na Ballstáit dlínse le haghaidh cionta a chumhdaítear leis an togra agus go gcuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas má chinneann siad an dlínse sin a leathnú i gcásanna sonracha ina ndéantar an cion lasmuigh dá gcríoch.

Airteagal 13: Cosaint daoine a thuairiscíonn cionta comhshaoil nó a chabhraíonn leis an imscrúdú

Baineann an fhoráil seo le cosaint daoine amhail sceithirí, cosantóirí comhshaoil agus daoine eile a thuairiscíonn faisnéis nó a sholáthraíonn fianaise d'imscrúdú a bhaineann le cionta coiriúla comhshaoil.

Airteagal 14: Cearta don phobal lena mbaineann páirt a ghlacadh sna himeachtaí

Baineann an fhoráil seo le cearta nós imeachta chun páirt a ghlacadh in imeachtaí coiriúla, ar cheart iad a dheonú don phobal lena mbaineann mar a leagtar amach in Airteagal 2.

Airteagal 15: Cosc

Ceanglaítear leis an bhforáil seo ar na Ballstáit bearta coisctheacha a dhéanamh chun cionta comhshaoil a laghdú.

Airteagal 16: Acmhainní

Is é is aidhm don fhoráil seo a áirithiú go mbeidh líon leordhóthanach foirne cáilithe agus acmhainní leordhóthanacha airgeadais, teicniúla agus teicneolaíochta is gá chun a róil a fheidhmiú go héifeachtach ag údaráis náisiúnta a dhéanann cionta comhshaoil a bhrath, a imscrúdú, a ionchúiseamh nó a bhreithniú.

Airteagal 17: Oiliúint

Is é is aidhm don fhoráil seo gníomhaíochtaí oiliúna a fheabhsú feadh an tslabhra forfheidhmiúcháin chun a áirithiú go mbeidh na scileanna agus na cumais speisialaithe is gá ag na páirtithe uile lena mbaineann chun a róil a chomhlíonadh go héifeachtach.

Airteagal 18: Uirlisí imscrúdaitheacha

Leagtar síos leis an bhforáil seo nach mór uirlisí imscrúdaitheacha speisialta a chur ar fáil chun na cionta dá dtagraítear in Airteagal 3 agus in Airteagal 4 a imscrúdú.

Airteagal 19: Comhordú agus comhar idir údaráis inniúla laistigh de na Ballstáit

Leis an bhforáil seo, ceanglaítear ar na Ballstáit comhordú agus comhar a áirithiú ar an leibhéal straitéiseach agus oibríochtúil i measc a n-údarás inniúil uile a bhfuil baint acu le coireacht chomhshaoil a chosc agus a chomhrac.

Airteagal 20: Straitéis Náisiúnta maidir leis an gcoireacht chomhshaoil a chomhrac

Is é is aidhm don fhoráil seo cur chuige straitéiseach a áirithiú maidir leis an gcoireacht chomhshaoil a chomhrac agus áirítear inti gnéithe a dtabharfar aghaidh orthu le straitéis náisiúnta ar gá í a bhunú i ngach Ballstát.

Airteagal 21: Bailiú sonraí agus staitisticí

Tugtar aghaidh leis an bhforáil seo ar an ngá atá ann faisnéis a bhailiú go córasach maidir leis na hiarrachtaí atá á ndéanamh an choireacht chomhshaoil a chomhrac agus sonraí staidrimh maidir le coireacht chomhshaoil a sholáthar. Ceanglaítear ar na Ballstáit sonraí staidrimh ábhartha a bhailiú, a fhoilsiú agus a sheoladh chuig an gCoimisiún. Bunaítear leis freisin oibleagáid ar an gCoimisiún tuarascáil a fhoilsiú go rialta bunaithe ar na sonraí staidrimh arna soláthar ag na Ballstáit. Tá sé mar aidhm ag an bhforáil seo freisin cabhrú le haghaidh a thabhairt ar an teorainn atá ar fáil faoi láthair ar shonraí coireachta comhshaoil, rud a chuideodh le meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht na gcóras náisiúnta sa chomhrac i gcoinne cionta coiriúla comhshaoil.

Airteagal 22: Cumhachtaí cur chun feidhme

Comhlánaíonn an fhoráil seo Airteagal 25 agus is é is aidhm di neartú a dhéanamh ar an oibleagáid atá ar na Ballstáit sonraí staidrimh a sheoladh chuig an gCoimisiún, trí cheangal a chur ar an gCoimisiún gníomh cur chun feidhme a ghlacadh lena sainítear íoschaighdeáin chomhchoiteanna maidir le tuairisciú sonraí staidrimh.

Airteagal 23: Nós imeachta coiste

Leis an bhforáil seo, tugtar aghaidh ar an ngá go mbeadh Coiste de chúnamh ag an gCoimisiún chun an dréachtghníomh cur chun feidhme a ghlacadh.

Airteagail 24, 25, 26, 27, 28, 29

Sna hAirteagail sin tá forálacha breise maidir le trasuí ag na Ballstáit, tuairisciú ó na Ballstáit, meastóireacht agus tuairisciú ag an gCoimisiún, teacht i bhfeidhm agus leasú na Treorach agus ionadú Threoir 2008/99/CE leis an Treoir seo.

2021/0422 (COD)

Togra le haghaidh

TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le cosaint an chomhshaoil tríd an dlí coiriúil agus a chuirtear in ionad Treoir 2008/99/CE

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 83(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[19],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De réir Airteagal 3(3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE) agus Airteagal 191 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), tá an Aontas tiomanta ardleibhéal cosanta agus feabhsú ar cháilíocht an chomhshaoil a áirithiú.

(2) Is ábhar imní don Aontas i gcónaí an t-ardú ar líon na gcionta coiriúla comhshaoil agus na héifeachtaí a bhaineann leo, cionta a bhaineann an bonn d'éifeachtacht reachtaíocht chomhshaoil an Aontais. Thairis sin, tá na cionta sin ag leathnú thar theorainneacha na mBallstát ina ndéantar na cionta. Is baol don chomhshaol iad na cionta sin agus is gá, dá bhrí sin, freagairt iomchuí éifeachtach a thabhairt orthu.

(3) Na córais phionós atá ann faoi Threoir 2008/99/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[20] agus dlí earnála an chomhshaoil, ní raibh siad leordhóthanach i ngach réimse beartais comhshaoil chun comhlíontacht dhlí an Aontais maidir le cosaint an chomhshaoil a bhaint amach. Ba cheart an chomhlíontacht sin a neartú trí phionóis choiriúla a chur ar fáil, pionóis a léireodh míshástacht shóisialta atá difriúil ó thaobh cáilíochta de leis na pionóis riaracháin.

(4) Ba cheart an t-imscrúdú, an t-ionchúiseamh agus an breithniú éifeachtach a dhéantar ar chionta coiriúla comhshaoil a fheabhsú. Ba cheart an liosta de chionta coiriúla comhshaoil a leagadh amach i dTreoir 2008/99/CE a athbhreithniú agus ba cheart catagóirí breise cionta atá bunaithe ar na sáruithe is tromchúisí ar dhlí comhshaoil an Aontais a chur leis. Ba cheart forálacha maidir le pionóis a neartú chun a n-éifeacht dhíspreagthach a fheabhsú chomh maith leis an slabhra forfheidhmiúcháin atá i gceannas ar chionta coiriúla comhshaoil a bhrath, a imscrúdú, a ionchúiseamh agus a bhreithniú.

---

19 IO C , , p. .

20 Treoir 2008/99/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Samhain 2008 maidir le cosaint an chomhshaoil tríd an dlí coiriúil (IO L 328, 6.12.2008, lch. 28).

(5) Ba cheart do na Ballstáit na catagóirí cionta a choiriúlú agus foráil a dhéanamh maidir le sainmhínithe na gcatagóirí cionta, agus maidir le comhchuibhiú i ndáil le cineálacha pionós agus le leibhéil phionós.

(6) Ba cheart do na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le pionóis choiriúla ina reachtaíocht náisiúnta i leith sáruithe tromchúiseacha ar fhorálacha dhlí an Aontais a bhaineann le cosaint an chomhshaoil. Faoi chuimsiú an chomhbheartais iascaigh, déantar foráil i ndlí an Aontais maidir le sraith chuimsitheach rialacha i ndáil le rialú agus forfheidhmiú faoi Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009[21] agus Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008 i gcás sáruithe tromchúiseacha, lena n-áirítear sáruithe a dhéanann damáiste don mhuirthimpeallacht. Faoin gcóras sin, beidh an rogha ag na Ballstáit idir córais phionóis riaracháin agus/nó córais phionóis coiriúla. I gcomhréir leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip[22] agus Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais Eorpaigh go dtí 2030[23], ba cheart cion coiriúil a dhéanamh d'iompar neamhdhleathach intinneach áirithe a chumhdaítear faoi Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 agus Rialachán (CE) 1005/2008[24].

(7) Ionas gur cion comhshaoil faoin Treoir seo atá san iompar, ba cheart d'iompar a bheith neamhdhleathach faoi dhlí an Aontais lena gcosnaítear an comhshaol nó faoi dhlíthe náisiúnta, faoi rialachán riaracháin nó faoi chinntí riaracháin lena dtugtar éifeacht do dhlí sin an Aontais. An t-iompar a bhaineann le catagóir de chion coiriúil, ba cheart é a shainiú agus, i gcás inarb iomchuí, ba cheart tairseach a leagan síos nach mór a chomhlíonadh chun an t-iompar a choiriúlú. Ba cheart iompar den sórt sin a mheas mar chion coiriúil nuair a dhéantar é go hintinneach agus, i gcásanna áirithe, nuair a dhéantar é le faillí thromchúiseach freisin. Meastar mar chion coiriúil iompar neamhdhleathach arb é is cúis leis bás nó gortú tromchúiseach daoine, damáiste suntasach nó baol suntasach do dhamáiste suntasach don chomhshaol nó go meastar go ndéanfadh sé damáiste ar leith don chomhshaol ar bhealach eile, agus nuair a dhéantar é trí fhaillí thromchúiseach. Tá sé de shaoirse i gcónaí ag na Ballstáit rialacha níos déine maidir leis an dlí coiriúil a ghlacadh nó a choimeád sa réimse sin.

(8) Ba cheart iompar a mheas mar iompar neamhdhleathach freisin i gcas gur faoi údarú údaráis inniúil i mBallstát an t-iompar, más go calaoiseach a fuarthas an t-údarú, nó trí éilliú, trí sracadh nó trí comhéigean. Thairis sin, ba cheart d'oibreoirí na bearta riachtanacha a dhéanamh chun na forálacha reachtacha, rialála agus riaracháin is infheidhme maidir le cosaint an chomhshaoil a chomhlíonadh agus iad i mbun na gníomhaíochta faoi seach, lena n-áirítear trína n-oibleagáidí a chomhlíonadh, mar a

---

21 Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 404/2011 ón gCoimisiún an 8 Aibreán 2011 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle lena mbunaítear córas rialaithe Comhphobail chun comhlíonadh rialacha an Chomhbheartais Iascaigh a áirithiú (IO L 112, 30.4.2011, lgh. 1–153).

22 TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN An Comhaontú Glas don Eoraip, COM/2019/640 críochnaitheach.

23 TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais Eorpaigh go dtí 2030 An dúlra a thabhairt ar ais inár saol, COM/2020/380 críochnaitheach

24 Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008 ón gComhairle an 29 Meán Fómhair 2008 lena mbunaítear córas Comhphobail chun iascaireacht neamhdhleathach neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte a chosc, a dhíspreagadh agus a dhíothú, lena leasaítear Rialacháin (CEE) Uimh. 2847/93, (CE) Uimh. 1936/2001 agus (CE) Uimh. 601/2004 agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 1093/94 agus (CE) Uimh. 1447/1999, (IO L 286, 29.10.2008, lgh. 1–32).

leagtar síos i ndlíthe an Aontais agus i ndlíthe náisiúnta is infheidhme, i nósanna imeachta lena rialaítear leasuithe nó nuashonruithe ar údaruithe atá ann cheana.

(9) Ba cheart an comhshaol a chosaint sa chiall is leithne, mar a leagtar amach in Airteagal 3(3) CAE agus Airteagal 191 CFAE, lena gcumhdaítear na hacmhainní nádúrtha go léir - aer, uisce, ithir, fauna agus flora fiáine lena n-áirítear gnáthóga - chomh maith le seirbhísí arna soláthar ag acmhainní nádúrtha.

(10) Mar gheall ar an dlús atá curtha leis an athrú aeráide, le cailliúint na bithéagsúlachta agus leis an díghrádú comhshaoil, agus samplaí inbhraite de na héifeachtaí tubaisteacha a bhaineann leo, aithníodh an t-aistriú glas mar chuspóir sainitheach ár linne agus mar ábhar cothromais idirghlúine. Dá bhrí sin, nuair a thagann forbairt ar reachtaíocht an Aontais a chumhdaítear leis an Treoir seo, ba cheart don Treoir seo aon reachtaíocht de chuid an Aontais atá cothrom le dáta nó leasaithe agus a thagann faoi raon feidhme na gcionta coiriúla a shainmhínítear faoin Treoir seo a chumhdach, i gcás ina bhfanann na hoibleagáidí faoi dhlí an Aontais gan athrú ó thaobh substainte de. Mar sin féin, i gcás ina gcuireann ionstraimí dlí nua cosc ar iompar nua a dhéanann damáiste don chomhshaol, ba cheart an Treoir seo a leasú chun na sáruithe tromchúiseacha nua ar dhlí comhshaoil an Aontais a chur leis na catagóirí cionta coiriúla.

(11) Ba cheart tairseacha cáilíochtúla agus cainníochtúla a úsáidtear chun cionta coiriúla comhshaoil a shainmhíniú a shoiléiriú trí liosta neamh-uileghabhálach de chúinsí a sholáthar ar cheart a chur san áireamh agus na tairseacha sin á measúnú ag údaráis a dhéanann cionta a imscrúdú, a ionchúiseamh agus a bhreithniú. Leis sin ba cheart cur i bhfeidhm comhleanúnach na Treorach agus comhrac níos éifeachtaí i gcoinne coireanna comhshaoil a chur chun cinn chomh maith le foráil a dhéanamh maidir le deimhneacht dhlíthiúil. Níor cheart do na tairseacha sin ná dá gcur i bhfeidhm, áfach, deacrachtaí móra a chruthú cionta coiriúla a imscrúdú, a ionchúiseamh nó a bhreithniú.

(12) In imeachtaí agus i dtrialacha coiriúla, ba cheart aird chuí a thabhairt ar rannpháirtíocht na ngrúpaí coiriúla eagraithe atá ag oibriú ar bhealaí a mbíonn tionchar diúltach acu ar an gcomhshaol. Le himeachtaí coiriúla, ba cheart aghaidh a thabhairt ar an éilliú, ar sciúradh airgid, ar chibearchoireacht agus ar chalaois doiciméad agus – i ndáil le gníomhaíochtaí gnó – an rún atá ag an gciontóir brabúis a uasmhéadú nó costais a shábháil, i gcás ina dtarlaíonn siad i gcomhthéacs na coireachta comhshaoil. Is minic a bhíonn na cineálacha coireachta sin idirnasctha le cineálacha coireachta comhshaoil tromchúiseacha agus dá bhrí sin, níor cheart déileáil leo ina n-aonar. I ndáil leis sin, is ábhar imní ar leith é go ndéantar roinnt coireanna comhshaoil le caoinfhulaingt nó le tacaíocht ghníomhach ó na riaracháin inniúla nó ó oifigigh atá i mbun a cuid nó a cuid dualgas poiblí. I gcásanna áirithe d'fhéadfadh sé sin a bheith i bhfoirm éillithe fiú. I measc samplaí d'iompar den sórt sin, tá neamhaird a thabhairt nó fanacht ina thost maidir le sárú dlíthe lena gcosnaítear an comhshaol tar éis cigireachtaí, iniúchtaí nó rialuithe a fhágáil ar lár d'aon turas, mar shampla maidir le an bhfuil coinníollacha an cheada á n-urramú ag sealbhóir an cheada nó nach bhfuil, rúin nó vótaí i bhfabhar ceadúnais neamhdhleathacha a dheonú nó tuairiscí falsaithe nó neamhfhírinneacha a eisiúint.

(13) Ba cheart pionós a ghearradh freisin i gcás gníosú cionta coiriúla a dhéantar d'aon ghnó, cabhrú leo nó iad a neartú. I gcas ina ndéantar iarracht cion coiriúil a dhéanamh d'aon ghnó arb é an toradh atá air bás nó díobháil thromchúiseach duine, nó damáiste substaintiúil don chomhshaol nó i gcás ar dóigh dó a bheith ina chúis le damáiste substaintiúil, ba cheart é a mheas mar chion coiriúil.

(14) Ba cheart pionóis do na cionta a beith éifeachtach, athchomhairleach agus comhréireach. Chuige sin, ba cheart íosleibhéil don uastéarma príosúnachta a shocrú do dhaoine nádúrtha. Is minic a mheastar go bhfuil pionóis ghabhála níos éifeachtaí ná pionóis airgeadais, go háirithe do dhaoine dlítheanacha. Dá bhrí sin, ba cheart do phionóis nó bearta breise a bheith ar fáil in imeachtaí coiriúla. Ba cheart a áireamh orthu sin an oibleagáid chun an comhshaol a athbhunú, eisiamh ó rochtain ar mhaoiniú poiblí, lena n-áirítear nós imeachta soláthair, deontais agus lamháltais agus ceadanna agus údaruithe a tharraingt siar. Tá an méid sin gan dochar do rogha na mbreithiúna nó na gcúirteanna in imeachtaí coiriúla pionóis iomchuí a fhorchur sna cásanna aonair.

(15) I gcás ina ndéantar foráil sa dlí náisiúnta maidir leis sin, ba cheart daoine dlítheanacha a chur faoi dhliteanas coiriúil i leith cionta coiriúla comhshaoil i gcomhréir leis an Treoir seo. Na Ballstáit sin nach ndéantar foráil lena ndlí náisiúnta maidir le dliteanas coiriúil daoine dlítheanacha, ba cheart dóibh a áirithiú go ndéantar foráil lena gcórais phionóis riaracháin maidir le cineálacha agus leibhéil pionóis atá éifeachtach, athchomhairleach agus comhréireach mar a leagtar síos sa Treoir seo chun a cuspóirí a bhaint amach. Ba cheart staid airgeadais daoine dlítheanacha a chur san áireamh chun a áirithiú go mbeidh an pionós a fhorchuirtear athchomhairleach.

(16) Ba cheart tuilleadh comhfhogasaithe agus éifeachtachta maidir le leibhéil na bpionós a fhorchuirtear sa chleachtas a chothú trí imthosca géaraitheacha coitianta a léiríonn déine na coire a rinneadh. I gcás bás duine, nó i gcás ina ndearnadh mórdhíobháil do dhuine, agus i gcás nach bhfuil na heilimintí sin ina gcuid den chion coiriúil cheana féin, d'fhéadfaí na heilimintí sin a mheas mar imthosca géaraitheacha. Ar an gcuma chéanna, i gcás ina mbíonn cion coiriúil comhshaoil ina chúis le damáiste suntasach do-aisiompaithe nó fadtéarmach d'éiceachóras ina iomláine, ba cheart an méid sin a bheith ina imthoisc ghéaraitheach mar gheall ar a thromchúisí atá sé, lena n-áirítear i gcásanna atá inchomparáide leis an éiceaicíd. Ós rud é gur dreasacht thábhachtach do choirpigh iad na brabúis neamhdhleathacha nó an caiteachas neamhdhleathach is féidir a ghiniúint nó a sheachaint trí choireacht chomhshaoil, ba cheart iad sin a chur san áireamh agus leibhéal iomchuí pionóis á chinneadh in gach cás ar leith.

(17) I gcás ina bhfuil na coireanna de chineál leanúnach, ba cheart deireadh a chur leo a luaithe is féidir. I gcás ina bhfuil gnóthachain airgeadais déanta ag ciontóirí, ba cheart na gnóthachain sin a choigistiú.

(18) Ba cheart feidhm a bheith ag an Treoir seo gan dochar do rialacha agus do phrionsabail ghinearálta an dlí náisiúnta choiriúil maidir le pianbhreitheanna ná do chur i bhfeidhm ná forghníomhú pianbhreitheanna i gcomhréir leis na himthosca nithiúla i ngach cás aonair.

(19) Ba cheart do na Ballstáit rialacha a leagan síos maidir leis na tréimhsí teorann is gá chun a chur ar a gcumas cionta coiriúla comhshaoil a chomhrac go héifeachtach, gan dochar do rialacha náisiúnta nach leagann síos tréimhsí teorann d'imscrúdú, d'ionchúiseamh agus d'fhorfheidhmiú.

(20) Na hoibleagáidí sa Treoir seo a dhéanann foráil maidir le pionóis choiriúla, níor cheart dóibh na Ballstáit a dhíolmhú ón oibleagáid foráil a dhéanamh maidir le pionóis riaracháin agus bearta eile sa dlí náisiúnta i gcás sáruithe a bhunaítear i reachtaíocht chomhshaoil an Aontais.

(21) Ba cheart do na Ballstáit raon feidhme fhorfheidhmiú an dlí riaracháin agus choiriúil a shainiú go soiléir maidir le cionta comhshaoil de réir a ndlí náisiúnta. Agus an dlí náisiúnta lena dtrasuitear an Treoir seo á chur i bhfeidhm, ba cheart do na Ballstáit a

áirithiú, le pionóis choiriúla agus pionóis riaracháin a fhorchur, go n-urramaítear prionsabail na Cairte um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, lena n-áirítear toirmeasc *ne bis in idem*.

(22) Thairis sin, ba cheart raon pionós coiriúil agus bearta eile a bheith ar fáil d'údaráis bhreithiúnacha agus riaracháin sna Ballstáit chun aghaidh a thabhairt ar chineálacha éagsúla iompraíochta coiriúla ar bhealach saincheaptha agus éifeachtach.

(23) I bhfianaise, go háirithe, soghluaisteacht dhéantóirí iompair neamhdhleathaigh a chumhdaítear leis an Treoir seo, mar aon le cineál trasteorann cionta agus an fhéidearthacht imscrúduithe trasteorann a dhéanamh, ba cheart do na Ballstáit dlínse a bhunú chun cur i gcoinne an iompair sin go héifeachtach.

(24) Déanann cionta coiriúla comhshaoil damáiste don dúlra agus don tsochaí. Trí sháruithe ar dhlí comhshaoil an Aontais a thuairisciú, déanann daoine seirbhís ar mhaithe le leas an phobail agus bíonn ról lárnach acu maidir leis na sáruithe sin a nochtadh agus a chosc, agus ar an gcaoi sin leas na sochaí a chosaint. Is minic gur daoine aonair a bhíonn i dteagmháil le heagraíocht i gcomhthéacs a ngníomhaíochtaí oibre is túisce a bhíonn ar an eolas faoi bhagairtí nó faoi dhochar do leas an phobail agus don chomhshaol. Tugtar sceithirí ar dhaoine a thuairiscíonn neamhrialtachtaí. Is minic a chuirtear sceithirí féideartha óna gcuid ábhar imní nó óna gcuid amhrais a thuairisciú mar gheall ar eagla roimh fhrithbheart. Ba cheart go mbainfeadh na daoine sin tairbhe as cosaint chothrom agus éifeachtach do sceithirí a leagtar amach faoi Threoir (AE) 2019/1937 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[25] .

(25) D'fhéadfadh faisnéis luachmhar a bheith ag daoine eile freisin maidir le cionta coiriúla comhshaoil féideartha. Féadfaidh siad a bheith ina gcomhaltaí den phobal lena mbaineann nó ina gcomhaltaí den tsochaí i gcoitinne agus páirt ghníomhach á glacadh acu i gcosaint an chomhshaoil. Ba cheart an tacaíocht agus an cúnamh is gá i gcomhthéacs imeachtaí coiriúla a chur ar fáil do na daoine sin a thuairiscíonn coireanna comhshaoil chomh maith le daoine a chomhoibríonn le forfheidhmiú na gcionta sin, ionas nach mbeidh siad faoi mhíbhuntáiste de bharr a gcomhair ach go bhfaighidh siad tacaíocht agus cúnamh. Ba cheart na daoine sin a chosaint freisin ó chiapadh nó ó ionchúiseamh a dhéantar orthu go míchuí as na cionta sin a thuairisciú nó as a gcomhar sna himeachtaí coiriúla.

(26) Ós rud é nach féidir leis an nádúr ionadaíocht a dhéanamh air féin mar íospartach in imeachtaí coiriúla, chun críche forfheidhmithe éifeachtacha, comhaltaí an phobail lena mbaineann, mar a shainmhínítear sa Treoir seo, agus Airteagal 2(5) agus Airteagal 9(3) de Choinbhinsiún Aarhus[26] á gcur san áireamh, ba cheart an deis a bheith ag na daoine sin gníomhú thar ceann an chomhshaoil mar leas poiblí, laistigh de raon feidhme chreat dlíthiúil na mBallstát agus faoi réir na rialacha nós imeachta ábhartha.

(27) De dheasca easpa acmhainní agus cumhachtaí forfheidhmiúcháin d'údaráis náisiúnta a dhéanann cionta coiriúla comhshaoil a bhrath, a imscrúdú, a ionchúiseamh nó a bhreithniú, cruthaítear bacainní maidir le coireanna comhshaoil a chosc agus a phionósú go héifeachtach. Go háirithe, is féidir leis an nganntanas acmhainní bac a chur ar na húdaráis aon ghníomh a dhéanamh in aon chor nó teorainn a chur lena ngníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin, rud a fhágann gur féidir le ciontóirí dliteanas a

---

25 Treoir (AE) 2019/1937 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2019 maidir le cosaint daoine a thuairiscíonn sáruithe ar dhlí an Aontais (OJ L 305/17).

26 Coinbhinsiún Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (UNECE) maidir le Rochtain ar Fhaisnéis, Rannpháirtíocht Phoiblí i gCinnteoireacht agus Rochtain ar Chearta i gCúrsaí Comhshaoil.

sheachaint nó go ngearrfaí pionós orthu nach bhfreagraíonn do thromchúis an chiona. Dá bhrí sin, ba cheart critéir íosta maidir le hacmhainní agus le cumhachtaí forfheidhmiúcháin a bhunú.

(28) Braitheann feidhmiú éifeachtach an tslabhra forfheidhmiúcháin ar raon sainscileanna. Ós rud é go n-éilíonn castacht na ndúshlán a bhaineann le cionta comhshaoil agus nádúr teicniúil na coireachta sin cur chuige ildisciplíneach, is gá ardleibhéal eolais ar an dlí, saineolas teicniúil, chomh maith le hardleibhéal oiliúna agus speisialtóireachta a bheith ag na húdaráis inniúla ábhartha. Ba cheart do na Ballstáit oiliúint a chur ar fáil a bheadh oiriúnach d'fheidhm na ndaoine sin a dhéanann coireacht chomhshaoil a bhrath, a imscrúdú, a ionchúiseamh nó a bhreithniú. Ar mhaithe le gairmiúlacht agus le héifeachtacht an tslabhra forfheidhmithe a uasmhéadú, ba cheart do na Ballstáit a chur san áireamh freisin aonaid imscrúdaithe speisialaithe, ionchúisitheoirí agus breithiúna coiriúla a shannadh chun déileáil le cásanna coiriúla comhshaoil. D'fhéadfadh cúirteanna coiriúla ginearálta foráil a dhéanamh maidir le dlísheomraí speisialaithe breithiúna. Ba cheart saineolas teicniúil a chur ar fáil do na húdaráis forfheidhmithe ábhartha go léir.

(29) Chun forfheidhmiú rathúil a áirithiú, ba cheart do na Ballstáit uirlisí imscrúdaitheacha éifeachtacha a chur ar fáil le haghaidh cionta comhshaoil amhail na uirlisí sin atá ina ndlí náisiúnta chun an choireacht eagraithe nó coireanna tromchúiseacha eile a chomhrac. Ba cheart a áireamh ar na huirlisí sin, i measc uirlisí eile, idircheapadh cumarsáide, faireachas ceilte lena n-áirítear faireachas leictreonach, seachadtaí rialaithe, faireachán ar chuntais bhainc agus uirlisí imscrúdaithe airgeadais eile. Ba cheart na huirlisí sin a chur i bhfeidhm i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta agus lánurraim á tabhairt do Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. I gcomhréir leis an dlí náisiúnta, ba cheart go mbeadh cineál agus tromaíocht na gcionta atá á n-imscrúdú ina mbonn cirt le húsáid na n-uirlisí imscrúdaitheacha sin. Ní mór an ceart sonraí pearsanta a chosaint a urramú.

(30) Chun córas forfheidhmiúcháin éifeachtach comhtháite comhleanúnach a áirithiú lena n-áirítear bearta riaracháin, bearta dlí shibhialta agus bearta dlí choiriúil, ba cheart do na Ballstáit comhar agus cumarsáid inmheánach a eagrú idir na gníomhaithe uile feadh na slabhraí forfheidhmithe riaracháin agus coiriúla agus idir gníomhaithe pionósacha agus ceartaitheacha. De réir na rialacha is infheidhme, ba cheart do na Ballstáit comhoibriú freisin trí ghníomhaireachtaí an Aontais, go háirithe Eurojust agus Europol, chomh maith le comhlachtaí de chuid an Aontais, lena n-áirítear Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) agus an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF), ina réimsí inniúlachta faoi seach.

(31) Chun cur chuige comhleanúnach a áirithiú maidir le cionta comhshaoil a chomhrac, ba cheart do na Ballstáit straitéis náisiúnta a ghlacadh agus a fhoilsiú maidir le coireacht chomhshaoil a chomhrac agus athbhreithniú a dhéanamh uirthi go tráthrialta, straitéis lena mbunófar na cuspóirí, na tosaíochtaí agus na bearta agus na hacmhainní comhfhreagracha is gá.

(32) Chun dul i ngleic go héifeachtach leis na cionta coiriúla dá dtagraítear sa Treoir seo, is gá d'údaráis inniúla sna Ballstáit sonraí cruinne, comhsheasmhacha agus inchomparáide a bhailiú maidir le scála agus treochtaí i dtaca le cionta comhshaoil agus leis na hiarrachtaí chun iad a chomhrac agus le torthaí na n-iarrachtaí sin. Ba cheart na sonraí sin a úsáid chun staidreamh a ullmhú chun freastal ar phleanáil oibríochtúil agus straitéiseach na ngníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin agus chun faisnéis a chur ar fáil do shaoránaigh freisin. Ba cheart do na Ballstáit sonraí staidrimh

ábhartha maidir le cionta comhshaoil a bhailiú agus a thuairisciú don Choimisiún. Ba cheart don Choimisiún na torthaí a mheas agus a fhoilsiú go rialta, torthaí atá bunaithe ar na sonraí staidrimh arna dtarchur ag na Ballstáit.

(33) Ba cheart na sonraí staidrimh a bhailítear faoin Treoir seo maidir le cionta comhshaoil a bheith inchomparáide idir na Ballstáit agus ba cheart iad a bhailiú ar bhonn íoschaighdeán comhchoiteann. Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Treoir seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun an fhormaid caighdeánach maidir le tarchur sonraí staidrimh a shainiú. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[27].

(34) Ní dochar na hoibleagáidí faoin Treoir do dhlí an Aontais maidir le cearta nós imeachta in imeachtaí coiriúla. Agus an Treoir seo á cur chun feidhme ag na Ballstáit, ba cheart dóibh cearta nós imeachta daoine faoi amhras nó daoine cúisithe in imeachtaí coiriúla a urramú go hiomlán.

(35) Roghanna eile – scrios rogha amháin de réir an rogha IRL:

(36) [*gan a bheith rannpháirteach*:] I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 agus le hAirteagal 4a(1) de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal le CAE agus le CFAE, agus gan dochar d'Airteagal 4 den Phrótacal sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh na Treorach seo agus níl sí faoi ceangal aici ná faoi réir a cur i bhfeidhm. NÓ

[rannpháirteach:] I gcomhréir le hAirteagal 3 agus le hAirteagal 4a(1) de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal le CAE agus le CFAE, tá fógra tugtha ag Éirinn [, le litir an …] gur mian léi bheith rannpháirteach i nglacadh agus i gcur i bhfeidhm an Treoir seo.

(37) Rinneadh Treoir 2005/35/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[28] a fhorlíonadh le Treoir 2009/123/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[29] le forálacha maidir le cionta coiriúla agus le pionóis do sceitheadh substaintí truaillitheacha ó longa. Ba cheart na cionta agus na pionóis sin a theacht faoi raon feidhme na Treorach seo. Dá bhrí sin, i gcás na mBallstát atá rannpháirteach sa Treoir seo, ba cheart Treoir 2009/123/CE a ionadú dá réir sin.

(38) I gcomhréir le hAirteagal 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal le CAE agus le CFAE, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh na Treorach seo agus dá bhrí sin níl sí faoi cheangal aici ná faoi réir a cur i bhfeidhm.

(39) Is iad cuspóirí na Treorach seo comhshainithe maidir le cionta coiriúla comhshaoil a áirithiú agus soláthar cineálacha agus leibhéil pionóis atá éifeachtach, athchomhairleach agus comhréireach a áirithiú le haghaidh cionta comhshaoil

---

27 Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

28 Treoir 2005/35/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Meán Fómhair 2005 maidir le truailliú ó longa agus pionóis ar sháruithe a thabhairt isteach (IO L 255, 30.9.2005, lch. 11).

29 Treoir 2009/123/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena leasaítear Treoir 2005/35/CE maidir le truailliú ó longa agus maidir le pionóis ar sháruithe a thabhairt isteach (IO L 280, 27.10.2009, lch. 52).

tromchúiseacha a áirithiú agus ós rud é nach féidir leis na Ballstáit na cuspóirí sin a ghnóthú go leordhóthanach ach, de bharr fhairsinge agus iarmhairtí na Treorach seo, gur fearr is féidir é a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 de TAE. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Treoir seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú.

(40) Leis an Treoir seo, urramaítear na cearta bunúsacha agus comhlíontar na prionsabail a aithnítear, go háirithe, i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, lena n-áirítear sonraí pearsanta a chosaint, saoirse chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil, an tsaoirse chun gnó a dhéanamh, an ceart chun réiteach éifeachtach agus chun triail chóir a fháil, toimhde na neamhchiontachta agus an ceart chun cosanta, prionsabail na dlíthiúlachta agus na comhréireachta i dtaca le cionta coiriúla agus pionóis, agus an ceart gan duine a thriail ná a phionósú faoi dhó in imeachtaí coiriúla mar gheall ar an gcion céanna. Leis an Treoir seo, féachtar lena áirithiú go n-urramófar na cearta agus na prionsabail sin go hiomlán agus ba cheart í a chur chun feidhme dá réir sin,

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ábhar

Leis an Treoir seo, bunaítear íosrialacha maidir le cionta coiriúla agus pionóis a shainmhíniú d'fhonn an comhshaol a chosaint ar bhealach níos éifeachtaí.

Airteagal 2

Sainmhínithe

Chun críoch na Treorach seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn "neamhdhleathach" iompar lena sáraítear ceann amháin díobh seo a leanas:

(a) reachtaíocht an Aontais, a rannchuidíonn, beag beann ar a bunús dlí, le cuspóirí bheartas an Aontais a bhaint amach, mar a leagtar amach sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, maidir leis an gcomhshaol a chosaint;

(b) dlí, rialachán riaracháin de chuid Ballstáit nó cinneadh a ghlac údarás inniúil de chuid Ballstáit lena dtugtar éifeacht do reachtaíocht an Aontais dá dtagraítear i bpointe (a).

Measfar an t-iompar a bheith neamhdhleathach fiú má dhéanann údarás inniúil i mBallstát an t-iompar faoi údarú nuair a fuarthas an t-údarú go calaoiseach nó trí éilliú, sracadh nó comhéigean;

(2) ciallaíonn "gnáthóg laistigh de shuíomh faoi chosaint" aon ghnáthóg speicis a bhfuil limistéar speisialta faoi chosaint aicmithe lena haghaidh de bhun Airteagal 4(1) nó (2) de Threoir 2009/147/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[30], nó aon ghnáthóg nádúrtha nó aon ghnáthóg speicis a bhfuil suíomh ainmnithe lena haghaidh

[30] Treoir 2009/147/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le héin fhiáine a chaomhnú (IO L 20, 26.1.2010, lch. 7).

mar limistéar caomhnaithe speisialta de bhun Airteagal 4(4) de Threoir 92/43/CEE ón gComhairle[31];

(3) ciallaíonn “duine dlítheanach” aon eintiteas dlítheanach a bhfuil an stádas sin aige faoin dlí náisiúnta is infheidhme, cé is moite de na Stáit nó de na comhlachtaí poiblí a fheidhmíonn údarás an Stáit agus d’eagraíochtaí idirnáisiúnta poiblí;

(4) ciallaíonn “an pobal lena mbaineann” na daoine a ndéanann na cionta dá dtagraítear in Airteagail 3 nó 4 difear dóibh nó ar dócha go ndéanfaidh na cionta sin difear dóibh. Chun críocha an tsainmhínithe seo, measfar leas a bheith ag daoine a bhfuil leas leordhóthanach acu nó ag a bhfuil lagú cirt, chomh maith le heagraíochtaí neamhrialtasacha a chuireann cosaint an chomhshaoil chun cinn agus a chomhlíonann aon cheanglas comhréireach faoin dlí náisiúnta;

(5) is í an chiall atá le “íobartach” an chiall a thugtar dó in Airteagal 2(1) pointe (a) de Threoir 2012/29/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[32].

Airteagal 3

Cionta

1. Áiritheoidh na Ballstáit gur cion coiriúil é an t-iompar seo a leanas i gcás ina bhfuil sé neamhdhleathach agus ina ndéantar d’aon ghnó é:

(a) cainníocht ábhar nó substaintí nó radaíocht ianúcháin a sceitheadh, a astú nó a thabhairt isteach san aer, san ithir nó san uisce arb é is cúis le bás duine nó le gortú tromchúiseach duine, nó ar dócha gurb é is cúis leo, nó arb é a dhéanann damáiste mór do cháilíocht an aeir, na hithreach nó an uisce, nó d'ainmhithe nó do phlandaí;

(b) táirge a chur ar an margadh, de shárú ar thoirmeasc nó ar cheanglas eile, arb é is cúis le bás duine nó le gortú tromchúiseach duine, nó ar dócha gurb é is cúis leo, nó arb é a dhéanann damáiste mór do cháilíocht an aeir, na hithreach nó an uisce, nó d'ainmhithe nó do phlandaí mar thoradh ar úsáid an táirge ar scála níos mó;

(c) monarú, cur ar an margadh nó úsáid substaintí, leo féin, i meascáin nó in earraí, lena n-áirítear a n-ionchorprú in earraí, nuair is amhlaidh:

(i) go bhfuil an ghníomhaíocht sin srianta de bhun Theideal VIII agus Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[33]; nó

---

31 Treoir 92/43/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1992 maidir le gnáthóga nádúrtha agus fána agus flóra fiáine a chaomhnú (IO L 206, 22.7.1992, lch. 7).

32 Treoir 2012/29/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 lena mbunaítear íoschaighdeáin maidir le cearta, tacaíocht agus cosaint íospartaigh na coireachta, agus a chuirtear in ionad Chinneadh Réime 2001/220/CGB ón gComhairle, (IO L 315, 14.11.2012, lgh. 57–73).

33 Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH), lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, lena leasaítear Treoir 1999/45/CE agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 793/93 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1488/94 ón gCoimisiún chomh maith le Treoir 76/769/CEE ón gComhairle agus Treoracha 91/155/CEE, 93/67/CEE, 93/105/CE agus 2000/21/CE ón gCoimisiún (IO L 396, 30.12.2006, lch. 1).

(ii) go dtoirmisctear an ghníomhaíocht seo de bhun Theideal VII de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006; nó

(iii) nach bhfuil an ghníomhaíocht seo i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[34]; nó

(iv) nach bhfuil an ghníomhaíocht seo i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[35]; nó

(v) go dtiteann an ghníomhaíocht seo faoi Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[36]; nó

(vi) go dtoirmisctear an ghníomhaíocht seo de bhun Iarscríbhinn I a gabhann le Rialachán (AE) Uimh. 2019/1021 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[37];

agus arb í is cúis le bás duine nó le gortú tromchúiseach duine, nó ar dócha gurb í is cúis leo, nó arb í a dhéanann damáiste mór do cháilíocht an aeir, na hithreach nó an uisce, nó d'ainmhithe nó do phlandaí;

(d) tionscadail a chur i gcrích dá dtagraítear in Airteagal 1(2)(a) de Threoir 2011/92/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[38] gan toiliú forbartha nó measúnú a dhéanamh maidir lena n-éifeachtaí ar an gcomhshaol, ar tionscadail iad arb iad is cúis le damáiste mór a dhéanamh do na fachtóirí a shainmhínítear in Airteagal 3(1) de Threoir 2011/92/AE nó ar dócha gurb iad is cúis leis sin;

(e) bailiú, iompar, aisghabháil nó diúscairt dramhaíola, maoirseacht ar na hoibríochtaí sin agus iarchúram na láithreán diúscartha, lena n-áirítear gníomh a ghlactar mar dhéileálaí nó mar bhróicéir (bainistiú dramhaíola), i gcás ina mbaineann iompar neamhdhleathach leis an méid seo a leanas:

(i) dramhaíl ghuaiseach mar a shainmhínítear in Airteagal 3(2) de Threoir 2008/98/CE, ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[39] agus déantar í a phróiseáil i gcainníocht neamhdhiomaibhseach;

(ii) le dramhaíl eile seachas an dramhaíl sin dá dtagraítear i bpointe (i) agus arb í is cúis le bás duine nó le gortú tromchúiseach duine, nó ar dócha gurb í is cúis leo, nó arb í a dhéanann damáiste mór do cháilíocht an aeir, na hithreach nó an uisce, nó d'ainmhithe nó do phlandaí;

---

34 Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoir 79/117/CEE agus Treoir 91/414/CEE ón gComhairle (IO L 309, 24.11.2009, lgh. 1–50).

35 Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir le táirgí bithicídeacha a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid (IO L 167, 27.6.2012, lgh. 1–123);

36 Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Treoracha 67/548/CEE agus 1999/45/CE, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 (IO L 353, 31.12.2008, lch. 1).

37 Rialachán (AE) 2019/1021 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le truailleáin orgánacha mharthanacha (IO L 169, 25.6.2019, lch. 45).

38 Treoir 2011/92/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir le measúnú a dhéanamh ar na héifeachtaí atá ag tionscadail phoiblí agus phríobháideacha áirithe ar an gcomhshaol (IO L 26, 28.1.2012, lch. 1).

39 Treoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Samhain 2008 maidir le dramhaíl agus lena n-aisghairtear Treoracha áirithe (IO L 312, 22.11.2008, lgh. 3-30).

(f) loingsiú dramhaíola, de réir bhrí Airteagal 2(35) de Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[40] agus i gcás ina ndéantar an loingsiú sin i gcainníocht neamhdhiomaibhseach, bíodh sin déanta in aon loingsiú amháin nó i níos mó ná loingsiú amháin a bhfuil an chuma orthu go bhfuil siad nasctha le chéile;

(g) athchúrsáil long a thagann faoi raon feidhme Rialachán (AE) Uimh. 1257/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[41], gan ceanglais Airteagal 6(2), pointe (a) den Rialachán sin a chomhlíonadh;

(h) sceitheadh ó longa de shubstaintí truaillitheacha dá dtagraítear in Airteagal 4(1) de Threoir 2005/35/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[42] maidir le truailliú ó longa agus maidir le pionóis, lena n-áirítear pionóis choiriúla, a thabhairt isteach in aon cheann de na réimsí dá dtagraítear in Airteagal 3(1) den Treoir sin, ar choinníoll nach gcomhlíonann an sceitheadh ó fhoinse long na heisceachtaí a leagtar amach in Airteagal 5 den Treoir sin; ní bheidh feidhm ag an bhforáil seo maidir le cásanna aonair, i gcás nach mbeidh an sceitheadh ó fhoinse na loinge ina chúis le meath ar cháilíocht an uisce, mura mbíonn meath ar cháilíocht an uisce mar thoradh ar chásanna ón gciontóir céanna arís agus arís eile i dteannta a chéile;

(i) suiteáil, oibriú nó díchóimeáil suiteála ina ndéantar gníomhaíocht chontúirteach nó ina stóráiltear substaintí contúirteacha, ullmhóidí contúirteacha nó truailleáin chontúirteacha, nó ina n-úsáidtear iad faoi raon feidhme Threoir 2012/18/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[43], Threoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[44] nó Threoir 2013/30/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[45] agus arb iad is cúis le bás duine nó le gortú tromchúiseach duine, nó ar dócha gurb iad is cúis leo, nó arb iad a dhéanann damáiste mór do cháilíocht an aeir, na hithreach nó an uisce, nó d'ainmhithe nó do phlandaí;

(j) ábhar radaighníomhach nó substaintí radaighníomhacha guaiseacha eile a tháirgeadh, a phróiseáil, a láimhseáil, a úsáid, a choinneáil, a stóráil, a iompar, a allmhairiú, a onnmhairiú nó a dhiúscairt, a thiteann faoi raon feidhme Threoir 2013/59/Euratom ón gComhairle[46], Treoir 2014/87/Euratom ón gComhairle[47]

---

40 Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2006 maidir le loingsithe dramhaíola (IO L 190, 12.7.2006, lch. 1).

41 Rialachán (AE) Uimh. 1257/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Samhain 2013 maidir le hathchúrsáil long agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006 agus Treoir 2009/16/CE (IO L 330, 10.12.2013, lch. 1).

42 Treoir 2005/35/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle na 7 Meán Fómhair 2005 maidir le truailliú ó longa agus pionóis ar sháruithe a thabhairt isteach (IO L 255, 30.9.2005, lgh. 11–21).

43 Treoir 2012/18/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2012 maidir le rialú guaiseacha mórthionóiscí a bhaineann le substaintí contúirteacha, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear ina dhiaidh sin Treoir 96/82/CE ón gComhairle, téacs atá ábhartha maidir le LEE, (IO L 197, 24.7.2012, lgh. 1–37).

44 Treoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 maidir le hastaíochtaí tionsclaíocha (cosc agus rialú comhtháite ar thruailliú), (IO L 334, 17.12.2010, lgh. 17–119).

45 Treoir 2013/30/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Meitheamh 2013 maidir le sábháilteacht oibríochtaí ola agus gáis amach ón gcósta agus lena leasaítear Treoir 2004/35/CE (IO L 178, 28.6.2013, lgh. 66–106).

46 Treoir 2013/59/Euratom ón gComhairle an 5 Nollaig 2013 lena leagtar síos na caighdeáin bhunúsacha sábháilteachta maidir le cosaint ar na contúirtí a éiríonn as nochtadh don radaíocht ianaíoch, agus lena

nó Treoir 2013/51/Euratom ón gComhairle[48], arb iad is cúis le bás daoine nó le gortuithe tromchúiseacha daoine, nó ar dócha gurb iad is cúis leo, nó arb iad a dhéanann damáiste mór do cháilíocht an aeir, na hithreach nó an uisce, nó d'ainmhithe nó do phlandaí;

(k) astarraingt uisce dromchla nó screamhuisce arb í is cúis, nó ar dócha gurb í is cúis, le damáiste mór do stádas éiceolaíoch nó le hacmhainneacht dobharlach uisce dromchla nó le stádas cainníochtúil dobharlach screamhuisce;

(l) eiseamal nó eiseamail de speicis fána nó flóra fiáine a liostaítear in Iarscríbhinn IV agus Iarscríbhinn V a mharú, a scriosadh, a ghabháil, a shealbhú, a dhíol nó a thairiscint lena ndíol (nuair atá speicis in Iarscríbhinn V faoi réir na mbeart céanna agus na bearta arna nglacadh do speicis in Iarscríbhinn IV) a ghabhann le Treoir 92/43/CEE ón gComhairle[49] agus na speicis dá dtagraítear in Airteagal 1 de Threoir 2009/147/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[50], ach amháin i gcásanna ina mbaineann an t-iompar le cainníocht dhiomaibhseach eiseamal den sórt sin;

(m) trádáil in eiseamail de speicis fána nó flóra fiáine nó i gcodanna nó díorthaigh díobh a liostaítear in Iarscríbhinn A agus in Iarscríbhinn B a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 338/97 ón gComhairle[51], ach amháin i gcásanna ina mbaineann an t-iompar le cainníocht dhiomaibhseach eiseamal den sórt sin;

(n) adhmad a lománaíodh go neamhdhleathach nó táirgí adhmaid a rinneadh as adhmad a lománaíodh go neamhdhleathach, a thagann faoi raon feidhme Rialachán (AE) Uimh. 995/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[52], a chur ar mhargadh an Aontais nó a chur ar fáil ar mhargadh an Aontais, ach amháin i gcásanna ina mbaineann cainníocht dhiomaibhseach leis an iompar; [*Má ghlactar Rialachán maidir le tráchtearraí áirithe agus táirgí a bhaineann le dífhoraoisiú agus díghrádú foraoise a chur ar fáil ar mhargadh an Aontais agus a onnmhairiú ón Aontas agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 995/2010 roimh an Treoir seo, cuirfear cion coiriúil laistigh de raon feidhme Airteagal 3 den Rialachán sin in ionad phointe (n).*]

(o) aon iompar arb é is cúis le meathlú gnáthóige laistigh de shuíomh cosanta, de réir bhrí Airteagal 6(2) de Threoir 92/43/CEE, nuair atá an meath sin suntasach;

---

n-aisghairtear Treoracha 89/618/Euratom, 90/641/Euratom, 96/29/Euratom, 97/43/Euratom agus 2003/122/Euratom (IO L 13, 17.1.2014, lgh. 1–73).

47 Treoir 2014/87/Euratom ón gComhairle an 8 Iúil 2014 lena leasaítear Treoir 2009/71/Euratom lena mbunaítear creat Comhphobail maidir le sábháilteacht núicléach na suiteálacha núicléacha (IO L 219, 25.7.2014, lgh. 42-52).

48 Treoir 2013/51/Euratom ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos na ceanglais maidir le sláinte an phobail i gcoitinne a chosaint maidir le substaintí radaighníomhacha in uisce a ceapadh lena chaitheamh ag an duine (IO L 296, 7.11.2013, lgh. 12–21).

49 Treoir 92/43/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1992 maidir le gnáthóga nádúrtha agus fána agus flóra fiáine a chaomhnú (IO L 206, 22.7.1992, lgh. 7–50).

50 Treoir 2009/147/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le héin fhiáine a chaomhnú, (IO L 20, 26.1.2010, lgh. 7-25).

51 Rialachán (CE) Uimh. 338/97 ón gComhairle an 9 Nollaig 1996 maidir le speicis fána agus flóra fiáine a chosaint trí thrádáil iontu a rialú (IO L 61, 3.3.1997, lch. 1).

52 Rialachán (AE) Uimh. 995/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Deireadh Fómhair 2010 lena leagtar síos oibleagáidí na n-oibreoirí a chuireann adhmad agus táirgí adhmaid ar an margadh (IO L 295, 12.11.2010, lgh. 23–34).

(p) tabhairt isteach nó leathadh speiceas coimhthíoch ionrach is ábhar imní don Aontas nuair is amhlaidh:

(i) go sáraíonn an t-iompar srianta a leagtar amach in Airteagal 7(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1143/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[53];

(ii) go sáraíonn an t-iompar coinníoll de chuid an cheada a eisítear faoi Airteagal 8 nó coinníoll de chuid an údaráis a thugtar faoi Airteagal Rialachán (AE) Uimh. 1143/2014 agus arb é is cúis le bás duine nó le gortú tromchúiseach duine, nó ar dócha gurb é is cúis leo, nó arb é a dhéanann damáiste mór do cháilíocht an aeir, na hithreach nó an uisce, nó d'ainmhithe nó do phlandaí;

(q) substaintí ídithe ózóin mar a shainmhínítear in Airteagal 3(4) de Rialachán (CE) Uimh. 1005/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[54] nó táirgí agus trealamh ina bhfuil substaintí den sórt sin nó atá ag brath ar shubstaintí den sórt sin a tháirgeadh, a allmhairiú, a onnmhairiú, a úsáid, a astú nó a scaoileadh;

(r) gáis cheaptha teasa fhluairínithe a tháirgeadh, a chur ar an margadh, a allmhairiú, a onnmhairiú, a úsáid, a astú nó a scaoileadh mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1) de Rialachán 517/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[55] nó táirgí agus trealamh ina bhfuil na gáis sin nó atá ag brath ar na gáis sin a tháirgeadh, a chur ar an margadh.

2. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh an t-iompar dá dtagraítear i mír 1, pointí (a), (b), (c), (d), (e), (f), (h), (i), (j), (k), (m), (n), (p) (ii), (q), (r) ina chion coiriúil freisin, nuair a dhéantar é le faillí thromchúiseach ar a laghad.

3. Áiritheoidh na Ballstáit go sonrófar ina reachtaíocht náisiúnta go gcuirfear na heilimintí seo a leanas san áireamh, nuair is ábhartha, agus measúnú á dhéanamh an bhfuil an damáiste nó an damáiste ar dócha go ndéanfar mór chun críocha cionta dá dtagraítear i mír 1, pointí (a) go (e), (i), (j), (k) agus (p) a imscrúdú, a ionchúiseamh agus a bhreithniú:

(a) bail bhonnlíne na timpeallachta lena mbaineann;

(b) cibé acu atá an damáiste fadtéarmach, meántéarmach nó gearrthéarmach;

(c) déine an damáiste;

(d) leathadh an damáiste;

(e) inchúlaitheacht an damáiste.

4. Áiritheoidh na Ballstáit go sonrófar ina reachtaíocht náisiúnta go gcuirfear na heilimintí seo a leanas san áireamh, agus measúnú á dhéanamh an dócha go ndéanfaidh an ghníomhaíocht dochar do cháilíocht an aeir, na hithreach nó an uisce,

---

53 Rialachán (AE) Uimh. 1143/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2014 maidir le tabhairt isteach agus leathadh speiceas coimhthíoch ionrach a chosc agus a bhainistiú (IO L 317, 4.11.2014, lch. 35).

54 Rialachán (CE) Uimh. 1005/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2009 maidir le substaintí a ídíonn an ciseal ózóin (IO L 286, 31.10.2009, lgh. 1–30)

55 Rialachán (AE) Uimh. 517/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le gáis cheaptha teasa fhluairínithe agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 842/2006 (IO L 150, 20.5.2014, lgh. 195–230).

nó d'ainmhithe nó do phlandaí chun críocha cionta dá dtagraítear i mír 1, pointí (a) go (e), (i), (j), (k) agus (p) a imscrúdú, a ionchúiseamh agus a bhreithniú:

(a) go mbaineann an t-iompar le gníomhaíocht a mheastar a bheith i mbaol nó contúirteach, ar gníomhaíocht í a dteastaíonn údarú ina leith nach bhfuarthas nó nár comhlíonadh;

(b) a mhéid a sháraítear na luachanna, na paraiméadair nó na teorainneacha a leagtar amach i ngníomhartha dlí nó in údarú arna eisiúint don ghníomhaíocht;

(c) an bhfuil an t-ábhar nó an tsubstaint aicmithe mar ábhar contúirteach, guaiseach nó liostaithe ar bhealach eile mar ábhar díobhálach don chomhshaol nó do shláinte an duine.

5. Áiritheoidh na Ballstáit go sonrófar ina reachtaíocht náisiúnta go gcuirfear na heilimintí seo a leanas san áireamh agus measúnú á dhéanamh an bhfuil an chainníocht diomaibhseach nó neamhdhiomaibhseach chun críocha cionta dá dtagraítear i mír 1, pointí (e), (f), (l), (m) agus (n) a imscrúdú, a ionchúiseamh agus a bhreithniú:

(a) líon na n-ítimí atá faoi réir an chiona;

(b) a mhéid a sháraítear an tairseach rialála, an luach nó paraiméadar éigeantach eile;

(c) stádas caomhnaithe an speicis fána nó flóra lena mbaineann;

(d) an costas a bhaineann le damáiste don chomhshaol a athchóiriú.

Airteagal 4

Gríosú, cabhrú agus neartú, agus iarracht a dhéanamh

1. Maidir le cionta coiriúla a dhéanamh dá dtagraítear in Airteagal 3(1), áiritheoidh na Ballstáit gur cion coiriúil inphionóis é a bheith á ngríosú, a bheith ag cabhrú leo agus a bheith á neartú.

2. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú gurb inphionóis mar chion coiriúil iarracht a dhéanamh aon cheann de na cionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagal 3(1) pointí (a), (b), (c), (d), (e), (f), (h), (i), (j), (k), (m), (n), (p) (ii), (q), (r) a dhéanamh d’aon ghnó.

Airteagal 5

Pionóis do dhaoine nádúrtha

1. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go bhféadfar pionóis choiriúla atá éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach a ghearradh mar phionós i leith na gciontaí dá dtagraítear in Airteagail 3 agus 4.

2. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go bhféadfar uastéarma príosúnachta deich mbliana ar a laghad a ghearradh i leith na gcionta dá dtagraítear in Airteagal 3 más iad is cúis le bás duine nó le gortú tromchúiseach duine, nó ar dócha gurb iad is cúis leo.

3. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go mbeidh na cionta dá dtagraítear in Airteagal 3(1) pointí (a) go (j), (n), (q), (r) inphionóis trí théarma sé bliana ar a laghad a ghearradh ina leith.

4. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go mbeidh na cionta dá dtagraítear in Airteagal 3(1) pointí (k) (l), (m), (o), (p) inphionóis trí théarma ceithre bliana ar a laghad a ghearradh ina leith.

5. Déanfaidh na Ballstáit gach beart is gá chun a áirithiú go bhféadfaidh daoine nádúrtha a bhfuil na cionta dá dtagraítear in Airteagail 3 agus 4 déanta acu a bheith faoi réir pionóis nó bearta breise, lena n-áireofar an méid seo a leanas:

(a) oibleagáid chun an comhshaol a athbhunú laistigh de thréimhse áirithe ama;

(b) fíneálacha;

(c) eisiaimh shealadacha nó buana ó rochtain ar mhaoiniú poiblí, lena n-áirítear nósanna imeachta tairisceana, deontais agus lamháltais;

(d) dícháiliú ó threorú bunaíochtaí den chineál a úsáidtear chun an cion a dhéanamh;

(e) ceadanna agus údaruithe chun gníomhaíochtaí a shaothrú arb é an toradh a bhí orthu go ndearnadh an cion a tharraingt siar;

(f) cosc sealadach ar sheasamh i dtoghchán d'oifig thofa nó phoiblí;

(g) foilsiú náisiúnta nó uile-Aontais an chinnidh bhreithiúnaigh a bhaineann leis an gciontú nó aon phionós nó aon bheart arna gcur i bhfeidhm.

Airteagal 6

Dliteanas daoine dlítheanacha

1. Áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfar daoine dlítheanacha a chur faoi dhliteanas i leith na gcionta dá dtagraítear in Airteagail 3 agus 4 i gcás ina ndearna aon duine, ag gníomhú dó ina aonar nó mar chuid de chomhlacht de chuid an duine dhlítheanaigh a bhfuil post ceannaireachta aige thar ceann an duine dhlítheanaigh, ina ndearna sé an cion chun a thairbhe féin, bunaithe ar aon cheann de na nithe seo a leanas:

(a) cumhacht ionadaíocht a dhéanamh don duine dlítheanach;

(b) údarás cinntí a dhéanamh thar ceann an duine dhlítheanaigh;

(c) údarás chun smacht a fheidhmiú laistigh den duine dlítheanach.

2. Áiritheoidh na Ballstáit freisin go bhféadfar daoine dlítheanacha a chur faoi dhliteanas i gcás inarbh fhéidir le duine faoi údarás an duine dhlítheanaigh, mar thoradh ar easpa maoirseachta nó rialaithe ag duine dá dtagraítear i mír 1, cion dá dtagraítear in Airteagail 3 agus 4 a dhéanamh chun tairbhe an duine dhlítheanaigh.

3. Ní eisiafar le dliteanas daoine dlítheanacha faoi mhíreanna 1 agus 2 imeachtaí coiriúla i gcoinne daoine nádúrtha a dhéanann nó a ghríosaíonn na cionta dá dtagraítear in Airteagail 3 agus 4 nó atá ina gcúlpháirtithe sna cionta sin.

Airteagal 7

Pionóis do dhaoine dlítheanacha

1. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go bhféadfar pionóis choiriúla atá éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach a ghearradh ar dhuine dlítheanach a chuirtear faoi dhliteanas de bhun Airteagal 6(1).

2. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go n-áireofar ar phionóis nó ar bhearta do dhaoine dlítheanacha atá dlite de bhun Airteagal 6(1) mar gheall ar na cionta dá dtagraítear in Airteagail 3 agus 4 na nithe seo a leanas:

   (a) fíneálacha coiriúla nó neamhchoiriúla;

   (b) oibleagáid chun an comhshaol a athbhunú laistigh de thréimhse áirithe;

   (c) eisiamh an duine dhlítheanaigh sin ó theidlíocht i leith sochair phoiblí nó cúnamh poiblí;

   (d) eisiamh sealadach ó rochtain ar mhaoiniú poiblí, lena n-áirítear nósanna imeachta tairisceana, deontais agus lamháltais;

   (e) dícháiliú sealadach nó buan an duine dhlítheanaigh sin ó ghníomhaíochtaí tráchtála a fheidhmiú;

   (f) ceadanna agus údaruithe chun gníomhaíochtaí a shaothrú arb é an toradh a bhí orthu go ndearnadh an cion a tharraingt siar;

   (g) cur faoi mhaoirseacht bhreithiúnach;

   (h) foirceannadh breithiúnach;

   (i) bunaíochtaí a úsáidtear chun an cion a dhéanamh a dhúnadh go sealadach nó go buan;

   (j) oibleagáid ar chuideachtaí scéimeanna díchill chuí a shuiteáil chun comhlíonadh caighdeán comhshaoil a fheabhsú;

   (k) foilsiú an chinnidh bhreithiúnaigh a bhaineann leis an gciontú nó aon phionós nó aon bheart arna gcur i bhfeidhm.

3. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go mbeidh duine dlítheanach a chuirfear faoi dhliteanas de bhun Airteagal 6(2) inphionóis le pionóis atá éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach.

4. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go mbeidh na cionta dá dtagraítear in Airteagal 3(1) pointí (a) go (j), (n), (q), (r) inphionóis le fíneálacha, nach lú a n-uasteorainn ná 5 % de láimhdeachas domhanda iomlán an duine dhlítheanaigh [/an ghnóthais] sa bhliain ghnó roimh an gcinneadh fíneála.

5. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go mbeidh na cionta dá dtagraítear in Airteagal 3(1) pointí (k), (l), (m), (o), (p) inphionóis le fíneálacha, nach lú a n-uasteorainn ná 3 % de láimhdeachas domhanda iomlán an duine dhlítheanaigh [/an ghnóthais] sa bhliain ghnó roimh an gcinneadh fíneála.

6. Déanfaidh na Ballstáit bearta chun a áirithiú go gcuirfear na brabúis neamhdhleathacha a ghintear as an gcion agus láimhdeachas bliantúil an duine dhlítheanaigh san áireamh nuair a dhéanfar cinneadh maidir leis an leibhéal iomchuí fíneála de bhun mhír 1.

Airteagal 8

Imthosca géaraitheacha

A mhéid nach bhfuil na himthosca seo a leanas mar chuid de na heilimintí a chomhdhéanann na cionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagal 3, déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a

áirithiú, i ndáil leis na cionta ábhartha dá dtagraítear in Airteagail 3 agus Airteagal 4, go bhféadfar na himthosca seo a leanas a mheas mar imthosca géaraitheacha:

(a) thug an cion bás duine, nó rinne an cion díobháil thromchúiseach do dhuine;

(b) rinne an cion scrios nó damáiste mór dochúlaithe nó fadmharthanach d'éiceachóras;

(c) rinneadh an cion faoi chuimsiú eagraíocht choiriúil de réir bhrí Chinneadh Réime 2008/841/CGB ón gComhairle[56]; nó

(d) bhain an cion le doiciméid bhréagacha nó doiciméid bhrionnaithe a úsáid;

(e) rinne oifigeach poiblí an cion agus a chuid dualgas á gcomhlíonadh aige;

(f) rinne an ciontóir sáruithe comhchosúla ar dhlí an chomhshaoil roimhe sin;

(g) mar gheall ar an gcion gineadh sochair shuntasacha airgeadais nó measadh go nginfí sochair shuntasacha airgeadais, nó seachnaíodh costais shuntasacha, go díreach nó go hindíreach;

(h) eascraíonn dliteanas as damáiste don chomhshaol as iompar an chiontóra ach ní chomhlíonann an ciontóir a oibleagáidí maidir le gníomhaíocht feabhais a dhéanamh faoi Airteagal 6 de Threoir 2004/35/CE[57];

(i) ní thabharfaidh an ciontóir cúnamh d'údaráis iniúchta agus d'údaráis forfheidhmiúcháin eile nuair a cheanglaítear sin go dlíthiúil;

(j) cuireann an ciontóir bac gníomhach ar chigireacht, ar rialuithe nó ar ghníomhaíochtaí imscrúdaithe, nó cuireann sé nó sí finnéithe nó gearánaigh faoi imeagla nó cuireann sé isteach orthu.

Airteagal 9

Imthosca maolaitheacha

Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú, i dtaca leis na cionta ábhartha dá dtagraítear in Airteagail 3 agus 4, go measfar na himthosca seo a leanas a bheith ina n-imthosca maolaitheacha:

(a) déanann an ciontóir an dúlra a athbhunú mar a bhíodh roimhe seo;

(b) soláthraíonn an ciontóir faisnéis do na húdaráis riaracháin nó bhreithiúnacha nach mbeidís in ann a fháil ar shlí eile, lena gcuidítear leo an méid seo a leanas a dhéanamh:

(i) ciontóirí eile a shainaithint nó a thabhairt os comhair na cúirte;

(ii) fianaise a fháil.

[56] Cinneadh Réime 2008/841/CGB ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 2008 maidir leis an gcomhrac i gcoinne na coireachta eagraithe, IO L 300/42.

[57] Treoir 2004/35/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Aibreán 2004 maidir le dliteanas comhshaoil i ndáil le damáiste comhshaoil a chosc agus a leigheas (IO L 143, 30.4.2004, lgh. 56-75).

Airteagal 10

Calcadh agus coigistiú

Déanfaidh na Ballstáit gach beart is gá chun a áirithiú go bhféadfaidh a n-údaráis inniúla na fáltais a fhaightear as aon cheann de na cionta dá dtagraítear sa Treoir seo agus na hionstraimeachtaí a úsáidtear nó a bheartaítear a úsáid chun aon cheann de na cionta dá dtagraítear sa Treoir seo a dhéanamh nó chun cuidiú lena dhéanamh, a chalcadh nó a choigistiú, de réir mar is iomchuí, i gcomhréir le Treoir 2014/42/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[58].

Airteagal 11

Tréimhsí teorann le haghaidh cionta coiriúla

1. Maidir leis na cionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagail 3, 4 agus 5, déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun foráil a dhéanamh do thréimhse teorann chun go gcumasófar iad a imscrúdú, a ionchúiseamh, a thriail agus breithniú breithiúnach a dhéanamh orthu ar feadh tréimhse leordhóthanach ama ón uair a rinneadh na cionta coiriúla sin, ionas go rachfar i ngleic go héifeachtach leis na cionta coiriúla sin.

2. Déanfaidh an Ballstát na bearta is gá chun gur féidir an t-imscrúdú, an t-ionchúiseamh, an triail agus an cinneadh breithiúnach a dhéanamh:

   (a) maidir leis na cionta dá dtagraítear in Airteagail 3 agus 4 atá inphionóis le pionós uasta deich mbliana príosúnachta ar a laghad, ar feadh tréimhse deich mbliana ar a laghad ón uair a rinneadh an cion, nuair atá cionta inphionóis;

   (b) maidir leis na cionta dá dtagraítear in Airteagail 3 agus 4 atá inphionóis le pionós uasta sé bliana príosúnachta ar a laghad, ar feadh tréimhse sé bliana ar a laghad ón uair a rinneadh an cion, nuair atá cionta inphionóis;

   (c) maidir leis na cionta dá dtagraítear in Airteagail 3 agus 4 atá inphionóis le pionós uasta ceithre bliana príosúnachta ar a laghad, ar feadh tréimhse ceithre bliana ar a laghad ón uair a rinneadh an cion, nuair atá cionta inphionóis.

3. De mhaolú ar mhír 2, féadfaidh na Ballstáit tréimhse teorann a bhunú atá níos giorra ná deich mbliana, ach nach giorra ná ceithre bliana, ar choinníoll gur féidir briseadh isteach ar an tréimhse nó í a chur ar fionraí i gcás gníomhartha sonraithe.

4. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun gur féidir an méid seo a leanas a fhorfheidhmiú:

   (a) pionós príosúnachta i gcás cion coiriúil is inphionóis le pionós uasta deich mbliana príosúnachta ar a laghad, a forchuireadh tar éis ciontú deiridh i gcion coiriúil dá dtagraítear in Airteagail 3 agus 4, ar feadh deich mbliana ar a laghad ó dháta an chiontaithe deiridh;

   (b) pionós príosúnachta i gcás cion coiriúil is inphionóis le pionós uasta sé bliana príosúnachta ar a laghad, a forchuireadh tar éis ciontú deiridh i gcion coiriúil dá dtagraítear in Airteagail 3 agus 4, ar feadh sé bliana ar a laghad ó dháta an chiontaithe deiridh;

[58] Treoir 2014/42/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Aibreán 2014 maidir le hionstraimeachtaí na coireachta agus fáltais ón gcoireacht a reo agus a choigistiú san Aontas Eorpach (IO L 127, 29.4.2014, lch. 39)

(c) pionós príosúnachta i gcás cion coiriúil is inphionóis le pionós uasta príosúnachta ceithre bliana ar a laghad, a forchuireadh tar éis ciontú deiridh i gcion coiriúil dá dtagraítear in Airteagail 3 agus 4, ar feadh ceithre bliana ar a laghad ó dháta an chiontaithe deiridh.

Féadfar a áireamh sa tréimhsí teorann sin faduithe a d'eascródh as briseadh nó fionraí.

Airteagal 12

Dlínse

1. Déanfaidh gach Ballstát na beart is gá chun a dhlínse féin a bhunú ar na cionta dá dtagraítear in Airteagail 3 agus 4 sna cásanna seo a leanas:

   (a) rinneadh an cion ina iomláine nó go páirteach ina chríoch;

   (b) rinneadh an cion ar bord loinge nó ar bord aerárthaigh a cláraíodh ina chríoch nó a raibh a bhratach ar foluain air;

   (c) rinneadh an damáiste ina chríoch;

   (d) is náisiúnach nó gnáthchónaitheoir de chuid an Bhallstáit é an ciontóir;

2. Cuirfidh Ballstát an Coimisiún ar an eolas i gcás ina gcinneann sé a dhlínse a leathnú ar na cionta dá dtagraítear in Airteagail 3 agus 4 a rinneadh lasmuigh dá chríoch, sna cásanna seo a leanas:

   (a) rinneadh an cion chun tairbhe duine dhlítheanaigh atá bunaithe ina chríoch;

   (b) Rinneadh an cion i gcoinne duine dá chuid náisiúnach nó gnáthchónaitheoirí;

   (c) Mar gheall ar an gcion tá riosca tromchúiseach don chomhshaol ina chríoch.

   I gcás ina dtagann cion dá dtagraítear in Airteagail 3 agus 4 faoi dhlínse Bhallstáit amháin nó níos mó, comhoibreoidh na Ballstáit sin lena chinneadh cén Ballstát a sheolfaidh imeachtaí coiriúla. Déanfar an t-ábhar a chur faoi bhráid Eurojust, i gcás inarb iomchuí agus i gcomhréir le hAirteagal 12 de Chinneadh Réime 2009/9484/JHA ón gComhairle[59].

3. I gcásanna dá dtagraítear i mír 1, pointí (c) agus (d), déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú nach mbeidh feidhmiú a ndlínse faoi réir an choinníll nach féidir ionchúiseamh a thionscnamh ach amháin tar éis séanadh ón Stát ina ndearnadh an cion coiriúil.

Airteagal 13

Cosaint daoine a thuairiscíonn cionta comhshaoil nó a chabhraíonn leis an imscrúdú

1. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go mbeidh an chosaint a thugtar faoi Threoir (AE) 2019/1937 infheidhme maidir le daoine a thuairiscíonn cionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagail 3 agus 4 den Treoir seo.

2. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go gcuirfear an tacaíocht agus an cúnamh is gá ar fáil i gcomhthéacs imeachtaí coiriúla do dhaoine a thuairiscíonn

[59] Cinneadh Réime 2009/948/CGB ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le coinbhleachtaí i bhfeidhmiú dlínse in imeachtaí coiriúla a chosc agus a shocrú (IO L 328, 15.12.2009, lch. 42).

cionta dá dtagraítear in Airteagail 3 agus 4 den Treoir seo agus a sholáthraíonn fianaise nó a oibríonn ar shlí eile i gcomhar leis na cionta sin a imscrúdú, a ionchúiseamh nó a bhreithniú.

Airteagal 14

Cearta don phobal lena mbaineann páirt a ghlacadh sna himeachtaí

Áiritheoidh na Ballstáit, i gcomhréir lena gcóras dlí náisiúnta, go mbeidh cearta iomchuí ag baill den phobal lena mbaineann páirt a ghlacadh in imeachtaí a bhaineann leis na cionta dá dtagraítear in Airteagail 3 agus 4, mar shampla mar pháirtí sibhialta.

Airteagal 15

Cosc

Déanfaidh na Ballstáit bearta iomchuí, amhail feachtais faisnéise agus múscailte feasachta agus taighde agus cláir oideachais, chun cionta coiriúla comhshaoil foriomlána a laghdú, feasacht a mhúscailt agus an baol a laghdú go mbeidh an pobal ina íospartach mar gheall ar chion coiriúil comhshaoil. I gcás inarb iomchuí, oibreoidh na Ballstáit i gcomhar le páirtithe leasmhara.

Airteagal 16

Acmhainní

Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh ag údaráis náisiúnta a dhéanann cionta comhshaoil a bhrath, a imscrúdú, a ionchúiseamh nó a bhreithniú líon leordhóthanach ball foirne cáilithe agus acmhainní leordhóthanacha airgeadais, teicniúla agus teicneolaíocha is gá chun a bhfeidhmeanna a bhaineann le cur chun feidhme na Treorach seo a fheidhmiú go héifeachtach.

Airteagal 17

Oiliúint

Gan dochar don neamhspleáchas breithiúnach agus do dhifríochtaí in eagrú na breithiúnachta ar fud an Aontais, iarrfaidh na Ballstáit orthu siúd atá freagrach as oiliúint a chur ar na breithiúna, ar na hionchúisitheoirí, ar na póilíní, ar an bhfoireann bhreithiúnach agus ar an bhfoireann sin de chuid na n-údarás inniúil atá bainteach le himeachtaí coiriúla agus le himscrúduithe, oiliúint speisialaithe i bhfianaise chuspóirí na Treorach seo a sholáthar go tráthrialta agus is iomchuí d'fheidhmeanna na foirne agus na n-údarás lena mbaineann.

Airteagal 18

Uirlisí imscrúdúcháin

Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go mbeidh uirlisí imscrúdaitheacha éifeachtacha, amhail na cinn sin a úsáidtear sa choireacht eagraithe nó i gcásanna eile coireachta tromchúisí, ar fáil freisin do na cionta dá dtagraítear in Airteagail 3 agus 4 a imscrúdú nó a ionchúiseamh.

Airteagal 19

Comhordú agus comhar idir údaráis inniúla laistigh de Bhallstát

Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun sásraí iomchuí a bhunú le haghaidh comhordaithe agus comhair ar leibhéal straitéiseach agus oibríochtúil i measc a n-údarás inniúil uile a bhfuil baint acu le cionta coiriúla comhshaoil a chosc agus a chomhrac. Beidh sásraí den sórt sin dírithe ar an méid seo a leanas ar a laghad:

(a) tosaíochtaí coiteanna agus tuiscint ar an ngaol idir forfheidhmiú coiriúil agus forfheidhmiú riaracháin a áirithiú;

(b) malartú faisnéise chun críocha straitéiseacha agus oibríochtúla;

(c) comhairliúchán in imscrúduithe aonair;

(d) dea-chleachtais a mhalartú

(e) cúnamh do líonraí Eorpacha cleachtóirí a oibríonn ar nithe a bhaineann le cionta comhshaoil agus sáruithe gaolmhara a chomhrac,

agus féadfaidh siad a bheith i bhfoirm comhlachtaí comhordúcháin speisialaithe, meabhráin tuisceana idir údaráis inniúla, líonraí forfheidhmiúcháin náisiúnta agus comhghníomhaíochtaí oiliúna.

Airteagal 20

Straitéis náisiúnta

1. Faoin [*Oifig na bhFoilseachán – cuir isteach an dáta – laistigh de bhliain amháin tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo*], déanfaidh na Ballstáit straitéis náisiúnta maidir le cionta coiriúla comhshaoil a chomhrac a bhunú, a fhoilsiú agus a chur chun feidhme, straitéis ina dtabharfar aghaidh ar an méid seo a leanas ar a laghad:

   (a) cuspóirí agus tosaíochtaí an bheartais náisiúnta sa réimse ciona seo;

   (b) róil agus freagrachtaí na n-údarás inniúil go léir a bhfuil baint acu leis an gcineál sin ciona a chomhrac;

   (c) na modhanna comhordaithe agus comhair idir na húdaráis inniúla;

   (d) an dlí riaracháin agus sibhialta a úsáid chun aghaidh a thabhairt ar sháruithe a bhaineann leis na cionta a thagann faoi raon feidhme na Treorach seo;

   (e) na hacmhainní is gá agus an chaoi a dtacófar le speisialtóireacht gairmithe forfheidhmithe;

   (f) na nósanna imeachta agus na sásraí chun faireachán agus meastóireacht rialta a dhéanamh ar na torthaí a baineadh amach;

   (g) cúnamh líonraí Eorpacha a oibríonn ar nithe a bhaineann go díreach le cionta comhshaoil agus sáruithe gaolmhara a chomhrac,

2. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar an straitéis a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta go tráthrialta, tráth nach faide ná 5 bliana, ar chur chuige bunaithe ar anailís riosca, chun forbairtí agus treochtaí ábhartha agus bagairtí gaolmhara maidir le coireacht chomhshaoil a chur san áireamh.

Airteagal 21

Bailiú sonraí agus staitisticí

1. Baileoidh na Ballstáit sonraí staidrimh chun faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht a gcóras chun cionta coiriúla comhshaoil a chomhrac.

2. Beidh an méid seo a leanas ar a laghad san áireamh sna sonraí staidrimh dá dtagraítear i mír 1:

   (a) líon na gcásanna coireachta comhshaoil a thuairiscítear;

   (b) líon na gcásanna coireachta comhshaoil a imscrúdaítear;

   (c) meánfhad na n-imscrúduithe coiriúla ar choireanna comhshaoil;

   (d) líon na gciontuithe sa choireacht chomhshaoil;

   (e) líon na ndaoine nádúrtha a chiontaítear agus a ngearrtar pionós orthu i leith coireachta comhshaoil;

   (f) líon na ndaoine dlítheanacha ar gearradh pionós orthu as coireacht chomhshaoil nó as cionta coibhéiseacha;

   (g) líon na gcásanna cúirte sa choireacht chomhshaoil a díbheadh;

   (h) cineálacha agus leibhéil na bpionós a forchuireadh i leith na coireachta comhshaoil, lena n-áirítear in aghaidh na gcatagóirí cionta comhshaoil de réir Airteagal 3.

3. Áiritheoidh na Ballstáit go bhfoilseofar athbhreithniú comhdhlúite ar a staidrimh go rialta.

4. Tarchuirfidh na Ballstáit na sonraí staidrimh dá dtagraítear i mír 2 chuig an gCoimisiún ar bhonn bliantúil i bhformáid chaighdeánach arna bunú i gcomhréir le hAirteagal 22.

5. Foilseoidh an Coimisiún tuarascáil go rialta bunaithe ar na sonraí staidrimh arna dtarchur ag na Ballstáit. Foilseofar an tuarascáil den chéad uair trí bliana tar éis an fhormáid chaighdeánach dá dtagraítear in Airteagal 22 a chinneadh.

Airteagal 22

Cumhachtaí cur chun feidhme

1. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena mbunófar an fhormáid chaighdeánach do tharchur sonraí dá dtagraítear in Airteagal 21(4). Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 23(2).

2. Chun críocha sonraí staidrimh a tharchur, beidh na heilimintí seo a leanas san fhormáid chaighdeánach:

   (a) aicmiú coiteann ar choireanna comhshaoil;

   (b) comhthuiscint ar aonaid chomhairimh;

   (c) comhthuiscint ar chéimeanna an nós imeachta (imscrúdú, ionchúiseamh, triail) in imeachtaí coireachta comhshaoil;

(d) formáid tuairiscithe choiteann.

Airteagal 23

Nós imeachta coiste

1. Tabharfaidh coiste cúnamh don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

3. I gcás nach dtugann an coiste aon tuairim, ní dhéanfaidh an Coimisiún an dréachtghníomh cur chun feidhme a ghlacadh agus beidh feidhm ag Airteagal 5(4), an tríú fomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

Airteagal 24

Trasuí

1. Na forálacha reachtaíochta, rialúcháin nó riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh, déanfaidh na Ballstáit iad a thabhairt i bhfeidhm faoin [*Oifig na bhFoilseachán – cuir isteach an dáta – 18 mí tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach*]. Cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas faoin méid sin láithreach. Leagfaidh na Ballstáit síos an bealach a ndéanfar tagairtí den sórt sin.

2. Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na bearta sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Déanfaidh na Ballstáit téacs phríomhbhearta an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

Airteagal 25

Meastóireacht agus tuairisciú

1. Cuirfidh an Coimisiún, faoin [*Oifig na bhFoilseachán – cuir isteach an dáta – dhá bhliain tar éis an tréimhse thrasuí a bheith thart*], tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ina ndéanfar measúnú ar a mhéid a rinne na Ballstáit na bearta is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh. Tabharfaidh na Ballstáit an fhaisnéis is gá don Choimisiún chun an tuarascáil sin a ullmhú.

2. Gach dhá bhliain amhail ón [Oifig na bhFoilseachán – cuir isteach an dáta bliain amháin tar éis an tréimhse thrasuí a bheith thart], cuirfidh na Ballstáit tuarascáil chuig an gCoimisiún laistigh de thrí mhí ina mbeidh achoimre ar chur chun feidhme agus ar ghníomhaíochtaí a rinneadh i gcomhréir le hAirteagail 15 go 17, 19 agus 20.

3. Faoin [Oifig na bhFoilseachán – cuir isteach an dáta – cúig bliana tar éis an tréimhse thrasuí a bheith thart], déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar thionchar na Treorach seo agus cuirfidh sé tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle. Tabharfaidh na Ballstáit an fhaisnéis is gá don Choimisiún chun an tuarascáil sin a ullmhú.

Airteagal 26

An Treoir seo a chur ionad Threoir 2008/99/CE

Gabhannn an Treoir seo ionad Threoir (AE) 2008/99/CE maidir leis na Ballstáit a bhfuil an Treoir seo ina ceangal orthu, gan dochar d'oibleagáidí na mBallstát sin maidir leis an dáta chun an Treoir sin a thrasuí sa dlí náisiúnta. Maidir leis na Ballstáit a bhfuil an Treoir seo ina ceangal orthu, déanfar tagairtí do Threoir (AE) 2008/99/CE a fhorléiriú mar thagairtí don Treoir seo. Maidir leis na Ballstáit nach bhfuil faoi cheangal na Treorach seo, leanfaidh siad de bheith faoi cheangal Threoir 2008/98/CE.

Airteagal 27
Cur i bhfeidhm Threoir 2005/35/CE

Scoirfidh Treoir 2009/123/CE d'fheidhm a bheith aici maidir leis na Ballstáit atá rannpháirteach sa Treoir seo ó dháta a trasuí.

Airteagal 28

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 29

Seolaithe

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Treoir seo, i gcomhréir leis na Conarthaí.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa	*Thar ceann na Comhairle*
An tUachtarán	*An tUachtarán*

RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH

CLÁR NA nÁBHAR

1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH 44

1.1. Teideal an togra/tionscnaimh 44

1.2. Réimsí beartais lena mbaineann 44

1.3. Baineann an togra/tionscnamh le: 44

1.4. Cuspóirí 44

1.4 1 Cuspóirí ginearálta 44

1.4 2 Cuspóirí sonracha 44

1.4 3 An toradh agus an tionchar a bhfuil súil leo 45

1.4 4 Táscairí feidhmíochta 45

1.5. Forais an togra/tionscnaimh 47

1.5 1 Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh 47

1.5 2 Breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais (d'fhéadfadh an breisluach a bheith ann mar thoradh ar fhachtóirí éagsúla, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha an phointe seo, is é a chiallaíonn 'breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais' an luach a thagann as idirghabháil an Aontais ar luach é atá sa bhreis ar an luach a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú leo féin. 49

1.5 3 Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart 50

1.5 4 Comhoiriúnacht don Chreat Airgeadais Ilbhliantúil agus sineirgíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile 51

1.5 5 Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh 52

1.6. Fad agus tionchar airgeadais an togra/tionscnaimh 54

1.7. Modhanna bainistíochta atá beartaithe 54

2. BEARTA BAINISTÍOCHTA 55

2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe 55

2.2. Córas bainistíochta agus rialaithe 55

2.2 1 An bonn cirt atá leis na modhanna bainistíochta, le sásraí cur chun feidhme an chistithe, leis na módúlachtaí íocaíochta agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe55

2.2 2 Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú 56

2.2 3 Meastachán ar chost-éifeachtúlacht na rialuithe agus an bonn cirt atá leis sin (cóimheas 'costais rialaithe ÷ luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú') agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth an íocaíocht a dhéanamh agus tráth an clár a dhúnadh) 56

2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc 56

3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH 57
3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n-imreofar tionchar 57
3.2. An tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe 58
3.2 1 Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí 58
3.2 2 An t-aschur a mheastar a chisteofar le leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí 61
3.2 3 Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe de chineál riaracháin 63
3.2.3.1. Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach 64
3.2 4 Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha 66
3.2 5 Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe 66
3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam 67

RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH

1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

Togra le haghaidh Treoir maidir le cosaint an chomhshaoil tríd an dlí coiriúil lena leasaítear Treoir 99/2008/CE

